Líonra
Leitir Ceanainn

Plean Teanga Líonra Leitir Ceanainn

Baile Seirbhíse Gaeltachta

2020 – 2027

English language executive summary on page 8.

English language summary of Measures on page 69.

Cinnteacht
Comhairle | Tacaíocht | Treoir

Foras na Gaeilge

S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal

clár na gcaibidilí

1. FOCAL ÓN CHATHAOIRLEACH 3
2. RÁITEAS ÓN CHOISTE STIÚRTHA 4
3. ACHOIMRE FHEIDHMEACH 6
3. EXECUTIVE SUMMARY 8
4. CÚLRA AN PHRÓISIS PLEANÁLA TEANGA 10
5. SONRAÍ NA CEANNEAGRAÍOCHTA 12
6. AN GHAEILGE I MBAILE LEITIR CEANAINN 14
7. FÍS AGUS MÓRAIDHMEANNA 19
8. LÉARGAS AR ULLMHÚ AN PHLEAN 20
9 TORTHAÍ AN TAIGHDE 23
10 BEARTA AN PHLEAN TEANGA 25
11 FEIDHMIÚ AGUS MONATÓIREACHT 62

Aguisín A: Príomhréimsí pleanála teanga 63

1. Focal ón Chathaoirleach

Mar chathaoirleach Líonra Leitir Ceanainn ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach aon duine a thug tacaíocht dúinn teacht chuig an phointe seo – go háirithe Foras na Gaeilge, Glór na nGael agus Comhairle Contae Dhún na nGall. Ba mhaith liom fosta aitheantas a thabhairt do bhaill Líonra Leitir Ceanainn agus Ursula Ní Shabhaois maidir leis an éacht atá bainte amach againn leis an phlean seo.

Ba é cuireadh ón chomhairle contae a thug le chéile den chéad uair muid. Ní raibh tuiscint iomlán againn fá cad a bheadh i gceist le pleanáil teanga nó faoin dúshlán a bheadh romhainn. Is iomaí uair atá caite againn ón lá sin ag eagrú imeachtaí agus ag obair ar an taighde a bheadh de dhíth chun plean a fhorbairt. D'aithin muid go luath nach mbeadh maitheas ar bith i bplean gan pobal agus go mbeadh sé rí-thábhachtach úinéireacht an phlean a bheith lonnaithe i bpobal Leitir Ceanainn.

Tá muid ag obair le trí bliana anuas chun pobal na Gaeilge a tharraingt le chéile agus fóram a ofráil dóibh. Tá lúcháir orainn an dea-thoil i measc daoine i leith na Gaeilge a fheiceáil. Tá meon dearfach ag na gnólachtaí i leith na Gaeilge. Tá obair ollmhór le déanamh. Tá bearta an phlean teanga leagtha amach againn. Tá sé soiléir go bhfuil idir dhúshlán agus dhóchas romhainn. Ní fiú plean gan pobal agus anois a thosóidh an obair muintir Leitir Ceanainn a thabhairt linn le fís an phlean seo a bhaint amach.

Bairbre Uí Chathail, Cathaoirleach Líonra Leitir Ceanainn

2. Ráiteas ón choiste stiúrtha

Leitir Ceanainn mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta

Bunspriocanna Líonra Leitir Ceanainn:

- Plean teanga a chur in oiriúint go sonrach do limistéar Leitir Ceanainn, bunaithe ar thorthaí an taighde a rinneadh sa limistéar.
- Staid reatha na Gaeilge i Leitir Ceanainn a mheas.
- An líon daoine a úsáideann seirbhísí stáit trí Ghaeilge, agus atá in ann na meáin chumarsáide a rochtain trí Ghaeilge, a mhéadú.
- Úsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga laethúil i Leitir Ceanainn a chur chun cinn, a chothú agus a mhéadú.
- Nasc a chothú leis na Limistéir Phleanála Teanga uilig i nDún na nGall.

Nuair a sheol Seosamh Mac Donncha COGAR Pobal le Gaeilge i Leitir Ceanainn in 2002 mar pháirt den Straitéis Chontae 2002 -2012, dúirt sé go mbeadh glórtha ag éirí as COGAR sa todhchaí agus fiú amháin in 2015 dúirt sé go raibh na glórtha ardaithe i gceart nuair a fógraíodh go raibh Leitir Ceanainn áirithe mar bhaile a d'fhéadfadh a bheith aitheanta mar bhaile seirbhíse Gaeltachta.

Tá LÍONRA Leitir Ceanainn bunaithe ó 2017 chun an fhís sin a fhíorú. D'obair siad go crua chun an plean teanga a ullmhú i gcomhar leis an phobal áitiúil agus le tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge. Tá an Plean críochnaithe agus tá an coiste agus an pobal áitiúil sásta an plean a chur os comhar na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta anois chun faomhadh agus aitheantas a fháil do Leitir Ceanainn mar bhaile seirbhíse Gaeltachta.

Is coiste deonach é an LÍONRA, déanta suas d'ionadaithe as gach eagraíocht i Leitir Ceanainn: Comhairle Contae Dhún na nGall, Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn, Comhlachas Tráchtála Leitir Ceanainn, coistí pobail agus deonacha, Cumann Lúthchleas Gael, na Gaelscoileanna srl.

Bhí sé de dhualgas orainn an plean teanga a chur in oiriúint don phobal, d'Fhoras na Gaeilge agus don Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, de réir na reachtaíochta Acht na Gaeltachta 2012. Tharraing muid isteach saineolaithe faoi leith chun comhairle a thabhairt dúinn agus chun cuidiú linn i rith an phróisis pleanála, lena n-áirítear an Dr Dónall Ó Baoill, agus oifigigh phleanála teanga eile. Fuair muid an-chuidiú agus comhairle ó Cholm Ó Baoill ó Fhoras na Gaeilge i rith an bhealaigh, chomh maith le tacaíocht ó Chaitríona Nic Seoin as Glór na nGael agus oifigigh Gaeilge na Comhairle Contae.

Beidh gá leis na páirtithe leasmhara uilig a bheith páirteach i gcur chun cinn an phlean teanga chomh maith le straitéis chomhtháite a bheith i bhfeidhm chun go mbeidh toradh rathúil ar an obair. Beidh -

LÍONRA Leitir Ceanainn ag obair go crua chun meon dearfach i leith na Gaeilge a chothú sa phobal trí choinneáil leis na himeachtaí Gaelacha uilig a bhíonn ar siúl ar bhonn rialta i mbaile Leitir Ceanainn.

"Is ar scáth a chéile a mhairimid"

Coiste Líonra Leitir Ceanainn

3. Achoimre fheidhmeach

Faoi Acht na Gaeltachta 2012, tá Leitir Ceanainn ainmnithe mar bhaile a d'fhéadfadh a bheith aitheanta mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta trí phlean teanga a aontú leis an phobal agus a bheith faofa ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tá an próiseas pleanála seo ag tarlú i gcomhthéacs an phróisis pleanála teanga náisiúnta ina bhfuil Limistéir Phleanála Teanga Ghaeltachta, Líonraí Gaeilge agus Bailte Seirbhíse Gaeltachta i mbun pleanála. Is é atá i gceist le Baile Seirbhíse Gaeltachta ná baile atá suite i Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta nó taobh amuigh de agus a bhfuil ról suntasach aige maidir le seirbhísí poiblí, saoráidí áineasa, sóisialta agus tráchtála a sholáthar don limistéar sin. Faoin Acht caithfidh 1,000 duine ar a laghad den daonra a bheith i mbaile, de réir an daonáirimh is deireanaí, le bheith aitheanta mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta.

In 2018 ceapadh Líonra Leitir Ceanainn mar cheanneagraíocht ar an phróiseas pleanála teanga agus, faoin Acht, tá tréimhse dhá bhliain ar fáil le plean teanga a dhréachtú. Ina dhiaidh seo, nuair a bheidh an plean faofa ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, cuirfear tús le cur i bhfeidhm an phlean teanga thar thréimhse seacht mbliana. Tugtar tuilleadh sonraí maidir leis an chúlra leis an phróiseas pleanála teanga i gCaibidil 4 den phlean seo.

Tá deich réimse pleanála teanga luaite sna Treoirlínte Pleanála Teanga (Eagrán 5) a d'fhoilsigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (atá ar fáil in Aguisín C). I ndiaidh machnamh agus anailís a dhéanamh ar staid reatha na Gaeilge i Leitir Ceanainn i láthair na huaire, rinne Coiste Líonra Leitir Ceanainn cinneadh gur chóir díriú isteach ar thrí mhór-réimse pleanála teanga sa phlean teanga seo: daoine óga, teaghlaigh agus an earnáil gnó. Clúdaítear na réimsí ar fad sa phlean teanga seo go pointe ach cuirtear béim ar leith ar na mór-réimsí seo mar creidtear gur féidir an dul chun cinn is éifeachtaí a dhéanamh trí dhíriú isteach orthu seo.

Leis an phlean teanga seo a ullmhú, thug an coiste faoi thaighde agus faoi chomhairliúchán leis an phobal áitiúil le gur féidir leo léargas cruinn fháil ar staid reatha na Gaeilge i Leitir Ceanainn. Léiríonn Caibidil 8 an cur chuige a bhí ag an choiste le tabhairt faoin phróiseas pleanála, rud a chlúdaigh taighde tánaisteach, feachtas feasachta, cruinnithe poiblí agus eile. Mar chuid lárnach den phróiseas seo bhí suirbhéanna agus fócas-ghrúpaí sa phobal le léargas a fháil ar thuairimí mhuintir Leitir Ceanainn ar an Ghaeilge agus le hamharc ar na mianta atá acu don phlean teanga amach anseo. Rinneadh suirbhéanna ar an earnáil ghnó, ar eagraíochtaí pobail, le daoine óga agus leis an phobal trí chéile. Rinneadh fócasghrúpa le daoine óga, cruinniú poiblí le gnólachtaí agus cruinniú poiblí eile inár tugadh cuireadh don phobal ar fad. Tá briseadh síos mionsonraithe den taighde seo ar fáil i gCaibidil 9.

Léirigh an taighde a rinneadh mar chuid den phróiseas pleanála go bhfuil tuairimí an-dearfacha i leith na Gaeilge agus gur mhaith leis an phobal go mbeadh an teanga níos feiceálaí agus go mbeadh tuilleadh

deiseanna ar fáil leis an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid. Ní raibh an tsuim le tuilleadh Gaeilge a fheiceáil nó a úsáid teoranta dóibh siúd a bhfuil cumas acu sa Ghaeilge, mar a léirigh an taighde a rinneadh leis an earnáil ghnó go háirithe. Is léir go bhfuil suim ag gnólachtaí gach leibhéal Gaeilge a bheith mar chuid den phlean teanga seo agus agus suim acu iarracht a dhéanamh tuilleadh Gaeilge a úsáid mar chuid dá gcuid gnó.

Léirigh an taighde a rinneadh le daoine óga gur mhaith leo tuilleadh Gaeilge a úsáid ach gur mhaith leo é seo a dhéanamh trí imeachtaí a bhíonn ar siúl nó á dhéanamh acu cheana féin. Léiríodh an-bhród agus an-suim sa teanga agus suim go mbeadh imeachtaí ar fáil trí Ghaeilge, in áit a mbeadh imeachtaí dírithe ar an teanga amháin ar fáil dóibh.

Socraíodh, agus torthaí an taighde seo san áireamh, ar shé bheart agus tríocha, a leagtar amach i gCaibidil 10, a chlúdaíonn na réimsí pleanála teanga ar fad, a chomhlíonann na critéir phleanála teanga agus a chuireann béim ar leith ar sholáthar a dhéanamh do theaghlaigh, do dhaoine óga agus don earnáil ghnó. Tá eolas maidir leis na costais agus an maoiniú don phlean teanga ar fáil i gCaibidil 11 agus tá eolas maidir leis an chur chuige monatóireachta ar chur i bhfeidhm an phlean ar fáil i gCaibidil 13.

Cuirfear an plean teanga seo i bhfeidhm thar thréimse seacht mbliana. Beidh Coiste Líonra Leitir Ceanainn freagrach as cur i bhfeidhm laethúil an phlean agus ag tús na seacht mbliana ceapfar comhordaitheoir pleanála teanga le dul chun cinn na mbeart a stiúradh. Thar aon rud eile, is leis an phobal an plean teanga seo agus beidh deiseanna leanúnacha ag an phobal ionchur a bheith acu ar an phlean teanga agus le moltaí a dhéanamh ina leith. Is plean uaillmhianach ach réadúil é an plean teanga seo atá dírithe ar thuilleadh Gaeilge a fheiceáil agus a chluinstin i Leitir Ceanainn sna blianta amach romhainn.

3. Executive summary

Under the Gaeltacht Act 2012, Leitir Ceanainn has been named as a town which had the possibility of being recognised as a Gaeltacht Services Town by agreeing a language plan with the community and for that plan to be approved by the Minister of Culture, Heritage and the Gaeltacht. This planning process is taking place in the context of the national language planning process in which Gaeltacht Planning Areas, Irish Language Networks and Gaeltacht Service Towns are engaged in planning. A Gaeltacht Service Town is a town which is situated in a Gaeltacht Planning Area or next to one and has a significiant role in providing public, social and trading services to that area. Under the Act, the town must have a population of at least 1,000 people according to the latest census in order to be recognised as a Gaeltacht Service Town.

In 2018 Líonra Leitir Ceanainn was appointed as the Lead Organisation for the language planning process and, under the Act, they then had a period of two years to draft a language plan. Once the plan has been approved by the Minister for Culture, Heritage and the Gaeltacht, the plan will be implemented over a period of seven years. More information about the background of the planning process is available in Chapter 4 of this plan.

There are 10 aspects of language planning mentioned in the Language Planning Guidelines (Edition 5) published by the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht (Available in Appendix C). After consideration and analysis of the current status of the Irish language in Letterkenny at present, the Líonra Leitir Ceanainn committee made a decision to focus on three wide-ranging aspects for this language plan: young people, families and the business sector. All aspects of language planning are more or less included in this language plan delete, but these three aspects have recived particular focus.

In order to prepare the language plan, the committee began conducting research and consulting with the local community in order to gain a thorough understanding of the current status of the Irish language in Letterkenny. Chapter 8 sets out the Committee's approach to the language planning process which included secondary research, awareness raising, public meetings and more. As a central part of this process, surveys and focus groups were carried out to learn about the views which the people of Letterkenny have about the Irish language and to learn about what they would like to see happen in the language plan in the future. Surveys were conducted with the business sector, with community groups, with young people and with the community in general. Focus groups were conducted with young people and public meetings were held with the business community and with the community as a whole. A detailed breakdown of the results of this research can be found in Chapter 9.

The research carried out as part of the language planning process showed that there are very positive views towards the Irish language and that the community would like the language to be more visible and

that more opportunities to use the language would be available. The interest in seeing or using more Irish was not limited to those who have Irish language skills, something which was particularly apparent in the research undertaken with the business sector. It is clear that businesses with all levels of Irish have an interest in being part of the language plan and making an effort to use more of the Irish language as part of their business.

The research carried out with young people showed that they would like to use more Irish but that they would like to do so as part of events which are already taking place or through things which they are already doing. Great pride and interest was shown in the language, along with an interest that events would be available through the Irish language, instead of language-focussed events only taking place.

Once the research results had been considered, 36 measures were settled upon, laid out in Chapter 10, which cover each of the aspects of language planning and fulfil the Language Planning Criteria and which place a particular emphasis on provision for families, for young people and for the business sector. Information about the costs and the funding for the language plan are available in Chapter 11 and information about the monitoring and implementation of the plan can be found in Chapter 13.

This language plan will be implemented over a period of seven years. The Líonra Leitir Ceanainn Committee will be responsible for the day-to-day implementation of the plan and at the beginning of the seven year period a language planning co-ordinator will be apointed to direct the implementation of the measures. Above all else, this language plan belongs to the community and there will be ongoing opportunities for the community to have input into the plan and to make recommendations. This is an ambitious but realistic plan which is focused on increasing the amount of Irish seen and heard in Letterkenny in the coming years.

4. Cúlra an phróisis pleanála teanga

4.1 Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge agus Acht na Gaeltachta 2012

Foilsíodh an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 in 2010. Moladh sa straitéis 20 bliain go gcuirfí borradh faoi phróiseas na pleanála teanga, ag leibhéal an phobail, trí acht Gaeltachta nua a achtú.
Is é Acht na Gaeltachta 2012 an reachtaíocht a leagann síos struchtúr na pleanála teanga. Is san Acht sin a leagtar amach na trí chomhthéacs éagsúla ina bhféadfaí tabhairt faoin phleanáil teanga le tacaíocht an stáit, mar atá:

a) Limistéir phleanála teanga Ghaeltachta
b) Bailte seirbhíse Gaeltachta
c) Líonraí Gaeilge

4.2 Baile Seirbhíse Gaeltachta

Is é atá i gceist le Baile Seirbhíse Gaeltachta baile ina bhfuil míle duine ar a laghad, atá suite i Limistéar Pleanála Teanga nó taobh leis, agus a bhfuil ról suntasach aige maidir le seirbhísí poiblí agus sóisialta a sholáthar do limistéar pleanála teanga, mar a mhínítear in Acht na Gaeltachta 2012, cuid 9 agus 10 (atá ar fáil in Aguisín A).
Féadfaidh an t-aire, le hordú, baile sonraithe a ainmniú chun bheith ina bhaile seirbhíse Gaeltachta de réir an ailt seo, i gcás go bhfuil an baile sin suite i Limistéar pleanála teanga Gaeltachta, nó in aice leis, má tá na nithe seo a leanas ar fáil sa bhaile sin:

a) seirbhísí poiblí le haghaidh an Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta
b) saoráidí sóisialta, áineasa agus tráchtála a théann chun tairbhe don Limistéar pleanála teanga Gaeltachta

Faoi Alt 9 d'Acht na Gaeltachta 2012, tá Leitir Ceanainn aitheanta ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta mar bhaile seirbhíse Gaeltachta féideartha. Tá sé bhaile dhéag luaite mar bhailte a d'fhéadfadh a bheith aitheanta mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta amach anseo, mar a léiríonn an tábla thíos:

Léaráid 3.1: Bailte Seirbhíse Gaeltachta

Contae	**Baile**
Dún na nGall	Leitir Ceanainn An Clochán Liath Baile Dhún na nGall

Maigh Eo	Béal an Mhuirthead Baile an Róba Caisleán an Bharraigh
Gaillimh	Cathair na Gaillimhe An Clochán
Ciarraí	Daingean Uí Chúis Trá Lí Cathair Saidhbhín
Corcaigh	Cathair Chorcaí Maigh Chromtha
Port Láirge	Dún Garbhán
An Mhí	Baile Átha Buí An Uaimh

5. Sonraí na ceanneagraíochta

Bunaíodh Líonra Leitir Ceanainn sa bhliain 2017 leis an Ghaeilge a spreagadh i Leitir Ceanainn agus níos faide i gcéin. Tá sé mar sprioc ag Líonra Leitir Ceanainn imeachtaí agus seirbhísí a chur ar fáil do gach cuid den phobal. Eagraíonn Líonra Leitir Ceanainn imeachtaí teaghlaigh, oícheanta sóisialta agus go leor, leor eile. Tá tuilleadh eolais maidir le Líonra Leitir Ceanainn ar fáil ag www.lionraleitirceanainn.ie.

I ndiaidh próiseas iarratais, ceapadh Líonra Leitir Ceanainn in 2018 faoi Acht na Gaeltachta 2012 le plean teanga a chur le chéile do Leitir Ceanainn mar bhaile seirbhíse Gaeltachta. Seo a leanas baill reatha choiste Líonra Leitir Ceanainn:

Léaráid 5.1 Coiste Líonra Leitir Ceanainn

Coiste Líonra Leitir Ceanainn		
Ainm	Ról	Gairm
Cathal MacGrianna	Cathaoirleach	Iar-phríomhoide Choláiste na Maoile Rua, iar-chathaoirleach Chlub Naomh Adhamhnáin CLG
Caitlín Uí Chochláin	Rúnaí	Iar-Chomhordaitheoir Gaeilge, An Rannóg Pobal, Cultúr agus Seirbhísí Pobail, Comhairle Contae Dhún na nGall
Aidan Mac Closcaigh	Cisteoir	Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, comhordaitheoir contae don chlár bunoideachais agus bainisteoir Ionad Oideachais Baile na nGallóglach
Anna Ní Bhraonáin	Leas-Rúnaí	Riarthóir oifige agus léachtóir le Gaeilge (p/a), Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
Róise Ní Laifeartaigh	Leas-chathaoirleach	Oifigeach Gaeilge Chomhairle Contae Dhún na nGall
Bairbre Uí Chathail	Comhordaitheoir Pleanála Teanga	Fostaithe ó Mí na Nollag 2020 ag an choiste mar Chomordaitheoir Pleanála Teanga chun an plean teanga a chur chun cinn
Mairéad Nic Daibhéid	Ball coiste	Cúntóir ranga, Coláiste Ailigh
Colm Breathnach	Ball coiste	Príomhoide Ghaelscoil Adhamhnáin
Úna Ní Bhriain	Ball coiste	Múinteoir, Coláiste Ailigh, úinéir Cheol na Coille
Seán Mac Aodha	Ball coiste	Abhcóide
Donnán Harvey	Ball coiste	Rúnaí tionscnaimh, Ceathrú na hArdeaglaise
Alma Ní Ghormáin	Ball coiste	Iar-mhúinteoir

Chuir Caitríona Nic Seoin ó Ghlór na nGael agus Colm Ó Baoill, Foras na Gaeilge, tacaíocht ar fáil don choiste le linn an phróisis pleanála, agus í mí Lúnasa 2018 ceapadh Ursula Ní Shabhaois ón chomhlacht sainchomhairleoireachta Cinnteacht mar chomhairleoir pleanála teanga ar an tionscadal seo.

6. An Ghaeilge i mBaile Leitir Ceanainn

6.1 Topagrafaíocht agus bonneagar

Léiríonn léaráid 6.1.1 thíos an áit a bhfuil baile Leitir Ceanainn suite in aice leis na limistéir phleanála teanga a leanas:

1. Tuaisceart Dhún na nGall
2. Gaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir
3. Cloich Cheann Fhaola, Gort an Choirce, an Fál Carrach agus Machaire Rabhartaigh
4. Na Rosa
5. Árainn Mhór
6. An Ghaeltacht Láir
7. Dún na nGall Theas
8. Toraigh

Léaráid 6.1.1 léarscáil den limistéar pleanála teanga



Léaráid 6.1.2 léarscáil den bhaile seirbhíse Gaeltachta



6.2 DAONRA

De réir dhaonáireamh 2016, tá 19, 274 ina gcónaí sa bhaile agus 6,542 a bhfuil cumas sa Ghaeilge acu. Is é Leitir Ceanainn an baile is mó i gContae Dhún na nGall agus mar gheall ar mhéid an bhaile agus ar an áit ina bhfuil sé lonnaithe, is iomaí duine ó na limistéir phleanála Gaeltachta (aibhsithe ar an léaráid thíos) a bhaineann leas as seirbhísí a chuirtear ar fáil i mbaile Leitir Ceanainn. Mar sin de, cé go léiríonn an daonáireamh is déanaí go bhfuil 2.87% den daonra a labhraíonn an Ghaeilge taobh amuigh den chóras oideachais ar bhonn laethúil, is dócha go mbeadh figiúr i bhfad níos airde ann dá gcuirfí san áireamh líon na ndaoine ó cheantair Ghaeltachta agus cumas labhartha Gaeilge acu a dhéanann turas go Leitir Ceanainn go laethúil nó go seachtainiúil le leas a bhaint as na seirbhísí atá ar fáil ann.

Léaráid 6.2.1 staid reatha na Gaeilge i Leitir Ceanainn

	2016	**2011**
Cainteoirí laethúla		
Cainteoirí laethúla Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais mar chéatadán den daonra trí bliana d'aois agus os a chionn	2.87%	3.07%
Daonra		

Daonra iomlán	19, 274	19, 588
Daonra iomlán trí bliana d'aois agus os a chionn	18, 317	18, 549
Difríocht 2011 - 2016	-314	-
Difríocht 2011 - 2016 (%)	-1.60%	-
Daonra de réir cumas labhartha Gaeilge		
Líon na ndaoine le cumas labhartha Gaeilge	6, 524	7, 060
Líon na ndaoine gan cumas labhartha Gaeilge	11, 260	11, 107
Daonra de réir minicíocht labhartha Gaeilge		
Líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais	525	569
Líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh amuigh agus taobh istigh den chóras oideachais	139	134
Líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge taobh istigh den chóras oideachais amháin	2,042	2,153
Líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh istigh agus anois agus arís taobh amuigh den chóras oideachais	43	47
Líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge go seachtainiúil taobh amuigh den chóras oideachais amháin	480	526
Daonra an limistéir de réir cumas labhartha Gaeilge		
Daoine a bhfuil cumas labhartha Gaeilge acu mar chéatadán den daonra 3 bliana d'aois agus os a chionn	0.3562	0.3806
Daoine gan cumas labhartha Gaeilge mar chéatadán den daonra 3 bliana d'aois agus os a chionn	0.6147	0.5988
Daonra an limistéir de réir minicíocht labhartha Gaeilge		
Daoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais amháin mar chéatadán den daonra trí bliana d'aois agus os a chionn	2.11%	2.35%
Daoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh istigh agus go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais mar chéatadán den daonra trí bliana d'aois agus os a chionn	0.76%	0.72%
Daoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh istigh den chóras oideachais amháin mar chéatadán den daonra trí bliana d'aois agus os a chionn	11.15%	11.61%

Daoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh istigh agus anois agus arís taobh amuigh den chóras oideachais mar chéatadán den daonra trí bliana d'aois agus os a chionn	0.23%	0.25%
Daoine a labhraíonn Gaeilge go seachtainiúil taobh amuigh den chóras oideachais amháin mar chéatadán den daonra 3 bliana d'aois agus os a chionn	2.62%	2.84%

I measc na 19,274 dhuine atá ina gcónaí i Leitir Ceanainn, tá thart fá 4,433 dhalta ag freastal ar bhunscoil nó ar mheánscoil sa cheantar. 708 ndalta sa chóras Gaeloideachais, le 272 dhalta i gColáiste Ailigh agus 436 acu i nGaelscoil Adhamhnáin.

Léaráid 6.2.2 Rollú Scoile i Leitir Ceanainn

Meánscoil	***Tinreamh iomlán***	***Tinreamh buachaillí***	***Tinreamh cailíní***	***Teanga theagaisc***
Coláiste Ailigh	272	131	141	Gaeilge
Errigal College	263	148	115	Béarla
Loreto Secondary School	951	0	951	Béarla
St. Eunan's College	851	851	0	Béarla
Bunscoil				
Gaelscoil Adhamhnáin	436	-	-	Gaeilge
Letterkenny Educate Together	219	-	-	Béarla
Little Angels Special School	0	-	-	Níl eolas ann
Scoil Cholmcille	328	-	-	Béarla
Scoil Náisiúnta Bhaile Raighin	212	-	-	Béarla
Scoil Náisiúnta Mhuire Gan Smál	412	-	-	Béarla
Scoil Náisiúnta Thalamh na Coille	489	-	-	Béarla
Scoil Speisialta Naomh Bernadette	0	-	-	Níl eolas ann

Bainfear úsáid as na figiúirí seo thuasluaite mar bhunús anailíse ar dhul chun cinn an phlean teanga amach anseo. Cé gur iomaí bealach atá ann le measúnú a dhéanamh ar an éifeacht atá ag plean teanga ar phobal, is slat tomhais úsáideach iad na figiúirí daonáirimh agus na figiúirí rolla scoile.

6.3 Staid na seirbhísí reatha

I láthair na huaire eagraíonn Líonra Leitir Ceanainn imeachtaí teaghlaigh, imeachtaí sóisialta agus eile do phobal na Gaeilge. Tá dhá Ghaelscoil sa cheantar (Gaelscoil Adhmhanáin agus Coláiste Ailigh) agus tá an Ghaeilge á teagasc sna scoileanna náisiúnta agus na meánscoileanna eile (féach Léaráid 6.2.2 thuas). Bíonn ranganna Gaeilge ar siúl ag grúpaí éagsúla i Leitir Ceanainn, an Bord Oideachais agus Oiliúna, Cara House, CLG Naomh Adhmhanáin agus Gaeil Leitir Ceanainn ina measc.

7. Fís Agus móraidhmeanna

7.1 Fís

Is í an fhís atá ag Líonra Leitir Ceanainn:

> *Plean teanga a chur i bhfeidhm i Leitir Ceanainn a spreagfaidh úsáid na Gaeilge i gcúrsaí oideachais, sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta an bhaile ag freastal ar riachtanais mhuintir cheantar Leitir Ceanainn agus mhuintir na Gaeltachta.*

7.2 Ár n-aidhmeanna teanga

Is iad na haidhmeanna teanga atá sa phlean teanga seo:

1. Feiceálacht na Gaeilge sa bhaile a ardú.
2. Deiseanna sóisialta agus cultúrtha trí Ghaeilge a chur ar fáil do gach aoisghrúpa.
3. Cur le líon na ndeiseanna foghlama Gaeilge taobh istigh agus taobh amuigh den chóras oideachais do gach aoisghrúpa.
4. Gnólachtaí, eagraíochtaí agus soláthróirí seirbhísí sa bhaile a spreagadh le tuilleadh Gaeilge a úsáid.
5. Stádas na Gaeilge i Leitir Ceanainn a ardú agus a cheiliúradh.
6. Úsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga laethúil i Leitir Ceanainn a chur chun cinn, a chothú agus a mhéadú.
7. Nasc a chothú leis na Limistéir Phleanála Teanga uilig i nDún na nGall.

8. Léargas ar ullmhú an phlean

8.1 Réamhra

Tá gá leis an phróiseas pleanála teanga a chur i gcrích i ngach ceantar atá i mbun iarrachta teanga a athbheochan mar ní féidir an cur chuige céanna a úsáid agus atá in úsáid i gceantair eile. Mar a deir Ní Dhúda,

"*Tá gach cás éagsúil. Tá staid teanga faoi leith ag gach ceantar nó eagraíocht mar shampla. Beidh spriocanna teanga difriúla i gceist le gach ceann acu dá réir sin, cé go mbeidh na prionsabail agus na céimeanna céanna i gceist*."[1]

Tá critéir phleanála teanga (Aguisín B) iontach leathan ann i dtaca le bailte seirbhíse Gaeltachta. D'aithin an coiste pleanála teanga go raibh an-chuid réimsí leathana arbh fhéidir a bheith ag díriú isteach orthu mar chuid den phróiseas pleanála teanga agus gur féidir an-chuid ama agus acmhainní a chaitheamh ag déanamh iarrachta freastal ar gach uile ghné go mion mar chuid den phróiseas seo. Aontaíodh gurbh fhearr i bhfad díriú isteach go príomha ar chuid de na réimsí pleanála teanga (Aguisín C) agus ansin gur féidir tógáil ar na bearta a bhaineann le réimsí eile amach anseo. Rinneadh cinneadh díriú isteach go háirithe ar dhaoine óga, ar theaghlaigh agus ar an earnáil ghnó.

Leis an phróiseas pleanála teanga a chur i gcrích go héifeachtach, leantar ceithre chéim mar a léiríonn Léaráid 8.1.1 thíos.

[1] Laoise Ní Dhúda, *Roghanna,* 2014, lch 7

Léaráid 8.1.1



(Laoise Ní Dhúda, Roghanna, 2014, lch 7)

Mar sin de, cé go bhfuil bunphrionsabail sheasta ann atá comónta don phróiseas i gcoitinne, tá gá leis an phróiseas a chur i bhfeidhm ó bhun go barr le haitheantas cuí a thabhairt do riachtanais an cheantair sin ar leith. Nuair a bhí Líonra Leitir Ceanainn ag tabhairt faoin phróiseas pleanála teanga, socraíodh ar na céimeanna seo a leanas:

1. Taighde a dhéanamh ar an Ghaeilge i Leitir Ceanainn agus ar mhianta an phobail i leith an phlean teanga. Rinneadh é seo i bhfoirm suirbhéanna agus fócasghrúpaí.
2. Feachtas feasachta a reáchtáil le aird a dhíriú ar an phróiseas pleanála teanga agus ar an obair atá ar bun ag Líonra Leitir Ceanainn
3. Cruinnithe poiblí a eagrú maidir leis an phlean teanga.
4. Ceardlanna pleanála le coiste Líonra Leitir Ceanainn
5. Dréachtú an phlean teanga
6. Comhairliúchán poiblí ar an dréachtphlean teanga

8.2 Feachtas feasachta

Is eagraíocht measartha nua-bhunaithe é Líonra Leitir Ceanainn agus tá coincheap na pleanála teanga nua don bhaile ag an leibhéal seo. Mar gheall ar an tuiscint seo, eagraíodh feachtas feasachta leis an phobal a

chur ar an eolas maidir leis an phróiseas pleanála teanga agus le heolas a roinnt leis an phobal ar na bealaí a dtiocfadh leo a bheith rannpháirteach ann. Eagraíodh an feachtas seo ar líne, sna meáin thraidisiúnta agus trí fheiceálacht na teanga sa bhaile a ardú. Tá tuilleadh eolais maidir leis an fheachtas feasachta ar fáil i gCaibidil 12 den phlean seo.

8.3 Taighde

Cruthaíodh suirbhéanna le léargas a fháil ar staid reatha na Gaeilge i Leitir Ceanainn agus le moltaí a fháil maidir leis na beartanna don phlean. Bunaíodh na suirbhéanna ar shuirbhé comónta atá in úsáid ag coistí pleanála teanga fud fad na tíre. Cuireadh ceithre shuirbhé amach i measc an phobail:

- Suirbhé pobail (375 fhreagra)
- Suirbhé don lucht gnó (193 fhreagra)
- Suirbhé do dhaoine óga (114 fhreagra)
- Suirbhé d'eagraíochta agus do ghrúpaí pobail (11 fhreagra)

Rinneadh anailís ar thorthaí na suirbhéanna seo i gcomhar le Colm Ó Ciardubháin ó Ollscoil Bhaile Átha Cliath. Tá anailís ar thorthaí na suirbhéanna le feiceáil i gCaibidil 9 den phlean seo.

8.4 Cruinnithe poiblí agus fócasghrúpaí

Reáchtáladh sraith cruinnithe pobail agus bhí dhá aidhm leo: feasacht a ardú ar an phróiseas pleanála teanga agus le plé a dhéanamh ar na bearta ba chóir a bheith istigh ann.
Eagraíodh cruinniú ar leith do lucht gnó Leitir Ceanainn. Rinneadh teagmháil le Gréasán Gnó Mhná Dhún na nGall agus le Cumann Trádála Leitir Ceanainn a spreag baill na ngrúpaí siúd le bheith i láthair ann agus a bhí i láthair fosta. Rinneadh cur i láthair ar na buntáistí a bhaineann leis an Ghaeilge do ghnólachtaí agus ansin rinneadh plé ar na tacaíochtaí a bheadh de dhíth ar ghnólachtaí an bhaile chud iad a spreagadh le tuilleadh Gaeilge a úsáid mar chuid den gnó atá acu.

8.5 Ceardlanna pleanála

Rinneadh dhá cheardlann pleanála ag leibhéal an choiste le hathbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn go dtí sin agus le plé a dhéanamh ar na míreanna is láidre a tháinig chun tosaigh le linn an taighde. Chomh maith le baill an choiste a bhí i láthair ag na ceardlanna seo, bhí ionadaithe ó limistéir phleanála teanga i nDún na nGall a thug léargas don choiste ar an taithí a bhí acu ar an phleanáil teanga agus a phléigh na dúshláin agus na deiseanna a bhí acu go dtí seo.

9 Torthaí an taighde

Cruthaíodh suirbhéanna le léargas a fháil ar staid reatha na Gaeilge i Leitir Ceanainn agus le moltaí a fháil maidir leis na bearta don phlean. Bunaíodh na suirbhéanna ar an tsuirbhé chomónta forbartha ag an Ollamh Dónall Ó Baoill leis an phróiseas pleanála teanga a éascú. Cuireadh ceithre shuirbhé amach i measc an phobail:

- Suirbhé pobail (375 fhreagra)
- Suirbhé don lucht gnó (193 fhreagra)
- Suirbhé do dhaoine óga (114 fhreagra)
- Suirbhé d'eagraíochta agus do ghrúpaí pobail (11 fhreagra)

10 Bearta an Phlean Teanga

10.1 Réamhrá

Sa rannóg seo leagtar amach bearta an Phlean Teanga. Seo iad na gníomhartha féin atá le déanamh leis an Phlean Teanga a chur i bhfeidhm ar bhonn éifeachtach. Bunaítear na bearta seo ar dhea-chleachtas pleanála teanga agus ar an taighde a rinneadh mar chuid den phróiseas pleanála teanga seo i mbaile Leitir Ceanainn.

Beidh tréimhse seacht mbliana i gceist le cur i bhfeidhm an phlean seo. Cuimsíonn na bearta seo cúrsaí sóisialta, oideachais, eacnamaíochta agus eile, agus mar gheall ar na réimsí éagsúla seo tá monatóireacht chruinn ar éifeacht na mbeart de dhíth le rathúlacht an phlean a chinntiú.

Ag teacht leis na treoirlínte pleanála teanga a d'eisigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta in 2018 rangaítear na bearta thíos de réir na réimsí seo a leanas:

A. An córas oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais);
B. Seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga;
C. Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile;
D. Deiseanna foghlama taobh amuigh den chóras oideachais;
E. An earnáil ghnó;
F. Eagraíochtaí pobail agus comharchumainn;
G. Na meáin chumarsáide;
H. Seirbhísí poiblí;
I. Pleanáil agus forbairt fhisiciúil;
J. Seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire;
K. Staid na Gaeilge sa limistéar – dearcadh, cumas agus nósmhaireacht an phobail ina leith.

Sonraítear le gach beart fosta cé acu de na critéir phleanála teanga lena mbaineann sé. Ar mhaithe le héascaíocht, tá na critéir pleanála teanga atá leagtha amach faoi alt 12 d'Acht na Gaeltachta 2012 ar fáil in Aguisín B.

10.2 ACHOIMRE NA MBEART

Cur i bhfeidhm an phlean teanga	
1.	Ballraíocht an Choiste Pleanála Teanga
2.	Comhordaitheoir pleanála teanga (CPT) a cheapadh chun an plean a chur i bhfeidhm
3.	Áit oibre a réiteach don chomhordaitheoir pleanála teanga
4.	Margaíocht agus poiblíocht
5.	Fóram Pleanála Teanga Dhún na nGall
6.	Suíomh gréasáin Líonra Leitir Ceanainn

An córas oideachais	
7.	Cumann na dTuistí sna Gaelscoileanna
8.	Cur leis an tsoláthar trí Ghaeilge nó don Ghaeilge in ITLC
9.	Fóram do mhúinteoirí Gaeilge
Seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh	
10.	Seirbhísí cúraim leanaí
11.	Comhoibriú le soláthróiri óige reatha
12.	Laethanta teaghlaigh
13.	Grúpa tuistí agus tachrán
Seirbhísí don sos óg agus d'aoisghrúpaí eile	
14.	Líonra na nÓg
15.	Turais agus imeachtaí óige
16.	Club Óige
Deiseanna foghlama taobh amuigh den chóras oideachais	
17.	Ranganna Gaeilge ag leibhéil éagsúla
18.	Ciorcail chomhrá
19.	Eolas d'fhoghlaimeoirí

An earnáil ghnó	
20.	Ceardlanna do ghnólachtaí ar bhuntáistí breise na Gaeilge
21.	Eolaire Gnó le Gaeilge Leitir Ceanainn
22.	Gradaim Ghnó le Gaeilge Leitir Ceanainn a bhunú
23.	Gradaim Ghnó le Gaeilge Náisiúnta
24.	Seirbhís aistriúcháin
25.	Tacaíochtaí eile
Eagraíochtaí pobail	
26.	Tacaíocht d'eagraíochtaí pobail an Ghaeilge a úsáid
Na meáin chumarsáide	
27.	Naisc a chothú leis na meáin áitiúla
28.	Cúrsaí oiliúna ar scileanna raidió
Pleanáil agus forbairt fhisiciúil	
29.	Cultúrlann Leitir Ceanainn
Seirbhísí poiblí	
30.	Eolas maidir le seirbhísí poiblí trí Ghaeilge
Seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire	
31.	Tob-Ghaeltacht
32.	Oíche Ghaelach bhliantúil
33.	Ceardlanna do phobal na Gaeilge
34.	Rith Páirce trí Ghaeilge
35.	Féilte: Seachtain na Gaeilge agus Féile an Fhómhair
Staid na Gaeilge sa limistéar – dearcadh, cumas agus nósmhaireacht an phobail ina leith.	
36.	Comharthaíocht sa bhaile seirbhíse Gaeltachta

10.2 Summary of the Measures

Implementing the Language Plan	
1.	Memberships of the Language Planning Committee
2.	Appointing a Language Planning Officer to implement the plan
3.	Arranging a workplace for the Language Planning Officer
4.	Marketing and Publicity
5.	Donegal Language Planning Forum
6.	Líonra Leitir Ceanainn Website

The Education System	
7.	Parents' Group in the Gaelscoileanna
8.	Adding to the provision in Irish or through Irish in LYIT
9.	Forum for Irish language teachers
Childcare Services, Preschool and Family Support	
10.	Childcare Services
11.	Co-operation with existing youth providers
12.	Family Days
13.	Parent and Toddler Group
Services for Young People and for Other Age Groups	
14.	Líonra na nÓg (Youth Network)
15.	Trips and youth events
16.	Establish a Youth Club
Opportunities for learning outside of the education system	
17.	Irish language classes at various levels

18.	Conversation Circles
19.	Information for learners
The Business Sector	
20.	Workshops for Businesses on the added benefit of the Irish language
21.	Directory of Businesses with Irish in Letterkenny
22.	Irish Language Business Award in Letterkenny
23.	National Irish Language Business Awards
24.	Translation Services
25.	Other Supports
Community Groups	
26.	Support for Community Groups to use the Irish language
The Media	
27.	Links with local media
28.	Radio skills training scheme
Planning and Physical Development	
29.	Cultúrlann Leitir Ceanainn
Public Services	
30.	Information on public services through Irish
Socialising and Past-times	
31.	Pop Up Gaeltacht
32.	Annual Oíche Ghaelach
33.	Workshops for the Irish language community
34.	Parkrun through Irish language
35.	Festivals: Seachtain na Gaeilge and Autumn Festival
Status of the Irish language – outlook, ability and habits	

36.	Signage in the Gaeltacht Service Town

10.3 Bearta an Phlean Teanga

10.3.1 Cur i bhfeidhm an Phlean Teanga **Beart 1**	**Ballraíocht an choiste pleanála teanga a leathnú agus a neartú**
Réimsí an bhirt	I, K
Critéir phleanála teanga	1
Aidhm an bhirt	Éifeacht an phróisis a chinntiú trí struchtúr láidir a bheith ann sa choiste pleanála teanga le réimse saineolais agus taithí.
Eolas breise	Beidh baill an choiste pleanála teanga agus na ceanneagraíochta i mbun bainistíochta ar an oifigeach pleanála teanga agus freagrach as cur i bhfeidhm an phlean thar thréimhse seacht mbliana. Tá sé riachtanach, mar sin, go mbeadh réimse leathan saineolais agus spéiseanna ar fáil lena chinntiú gur féidir gach mír den phlean teanga a chlúdach agus cur go dearfach leis an méid sin. Chuige sin, déanfar pleanáil chomharbais agus athbhreithniú ar scileanna agus ar laigí an choiste le linn an ama lena chinntiú go mbíonn sé in ann feidhmiú go héifeachtach agus ionadaíoch ar an phobal ina iomlán.
Páirtithe leasmhara	• Cathaoirleach an choiste pleanála teanga (príomhúinéir) • An coiste pleanála teanga
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	N/Bh
Costas measta in aghaidh na bliana	N/Bh
Dúshlán	Daoine a aimsiú atá toilteanach agus sásta a bheith mar bhaill den choiste pleanála teanga.
Sárú an dúshláin	Próiseas ionduchtaithe a bheith ann do bhaill nua le gur féidir le daoine dul i dtaithí ar na dualgais atá ar an choiste go furasta agus le daoine a choinneáil ar bord.
Monatóireacht ar	Tuigfear éifeacht an bhirt trí fheidhmíocht an choiste pleanála teanga

fheidhmiú an bhirt	go ginearálta.

Beart 2	**Oifigeach pleanála teanga (OPT) a cheapadh chun an plean a chur i bhfeidhm**
Réimsí an bhirt	A-K
Critéir phleanála teanga	1, 3, 8, 10, 11, 12, 13, 14
Aidhm an bhirt	Oifigeach pleanála teanga a cheapadh a chuirfidh an plean teanga seo i bhfeidhm agus a chuirfidh leis an phlean le moltaí/bearta eile de réir mar is cuí.
Eolas breise	• Earcófar oifigeach pleanála teanga leis na cailíochtaí cuí – is é an duine seo is mó a bheas i bhfeighil chur i bhfeidhm an phlean agus ar an mhonatóireacht a dhéanfar air, le tacaíocht iomlán na ceanneagraíochta. • Ceadófar agus spreagfar an t-oifigeach pleanála teanga bearta nua nach sonraítear sa phlean seo a fhorbairt agus moltaí eile a chumadh de réir mar a leantar leis an phlean seo agus le próiseas na monatóireachta. • Cuirfear oiliúint agus tacaíocht ar fáil don oifigeach pleanála teanga de réir mar is cuí ag brath ar thaithí agus ar cháilíochtaí an duine a cheapfar. • Beidh cruinnithe rialta (ar a laghad uair sa ráithe) idir an coiste pleanála teanga agus an t-oifigeach pleanála teanga chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean agus le pleanáil chun tosaigh a dhéanamh.
Páirtithe leasmhara	An coiste pleanála teanga Foras na Gaeilge
Saolré an bhirt	Bliain 1: próiseas earcaíochta, oifigeach a cheapadh Bliain 1-7: fostú an oifigigh
Costas measta iomlán	€443,930.58
Costas measta in aghaidh na bliana	Bliain 1: €59,559.72 Bliain 2: € 60,135.00 Bliain 3: €61,702.16

	Bliain 4: €63,271.64 Bliain 5: €64,842.28 Bliain 6: €66,423.36 Bliain 7: €67,996.32
Dúshlán	Duine leis na cáilíochtaí agus an taithí chuí a earcú agus a choinneáil sa ról.
Sárú an dúshláin	An post a fhógairt go forleathan, ní hamháin ar fud limistéar an bhaile seirbhíse Gaeltachta, ach go náisiúnta sna meáin thraidisiúnta agus shóisialta.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Eagrófar cruinnithe míosúla oifigiúla idir an t-oifigeach pleanála teanga agus an coiste pleanála teanga. Socrófar ionadaí ón choiste le bheith mar bhainisteoir líne an oifigigh agus déanfar monatóireacht níos leanúnaí agus cuirfear tuilleadh tacaíochta ar fáil don oifigeach tríd an mheicníocht seo.

Beart 3	**Áit oibre don oifigeach pleanála teanga**
Réimsí an bhirt	I, K
Critéir phleanála teanga	Na critéir uilig
Aidhm an bhirt	Áit oibre a chur ar fáil don oifigeach pleanála teaga i Leitir Ceanainn le háiseanna oifige socruithe de réir mar is cuí (m.s. fón, nasc idirlín agus trealamh oifige ábhartha a chur ar fáil)
Eolas breise	Faoi láthair níl aon cheanncheathrú don Ghaeilge i limistéar Leitir Ceanainn. Tá spás oibre riachtanach don oifigeach pleanála teanga agus tá áit fheiceálach, lárnach de dhíth le híomhá na Gaeilge agus inrochtaineacht na seirbhísí a chuirfear ar fáil a ardú. Beidh an spás oibre seo mar cheanncheathrú na ceanneagraíochta fosta, áit ar féidir teacht le chéile, cruinnithe a eagrú ann, ábhar a choinneáil srl.
Páirtithe leasmhara	• An cheanneagraíocht (príomhúinéir) • Oifigeach pleanála teanga
Saolré an bhirt	Le socrú sa chéad bhliain agus le coinneáil le linn fheidhmiú an phlean
Costas measta iomlán	€95,000
Costas measta in aghaidh na bliana	Cíos, árachas, trealamh oifige srl. Bliain 1: €15,000 Bliain 2 - 7: €10,000

Dúshlán	Spás oibre a aimsiú i lár an bhaile atá oiriúnach agus ar chostas réasúnta
Sárú an dúshláin	Is féidir leas a bhaint as spásanna oibre sealadacha go gearrthéarmach ar nós an spáis oifige atá ar fáil sa CoLab in ITLC go dtí go dtiocfaidh an cheanneagraíocht ar spás oibre atá fóirsteanach. Ní gá brú ama a chur i bhfeidhm ar an méid sin a bheith bainte amach sula gceapfar an t-oifigeach pleanála teanga.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Monatóireacht leanúnach ag leibhéal na ceanneagraíochta ar oiriúnacht na háite oibre don oifigeach pleanála teanga agus do riachtanais na heagraíochta agus an phlean teanga.

Beart 4	**Margaíocht agus poiblíocht**
Réimsí an bhirt	K
Critéir phleanála teanga	Na critéir uilig
Aidhm an bhirt	Pobal Leitir Ceanainn a chur ar an eolas maidir le dul chun cinn an phlean teanga agus deiseanna rannpháirteachais laistigh de.
Eolas breise	Beidh margaíocht leanúnach de dhíth le pobal Leitir Ceanainn a chur ar an eolas maidir leis na himeachtaí atá ag tarlú agus comhthéacs na pleanála teanga trí chéile. Tá sé riachtanach go mbeidh go leor eolais ar fáil maidir leis an phróiseas pleanála le rannpháirteachas a spreagadh ann. Mar chuid den mhargaíocht beidh na míreanna seo a leanas: • Teagmháil leanúnach leis na meáin áitiúla • Agallaimh tugtha ar mhíreanna an phlean teanga de réir mar is cuí • Bileoga agus ábhar eile le scaipeadh maidir leis an obair atá ar siúl • Eolas le roinnt ag ócáidí poiblí • Cuntais ar na meáin shóisialta a nuashonrú go rialta • Suíomh idirlín a nuashonrú go rialta (tuilleadh eolais i mbeart 6) • Nuachtlitir rialta ar ríomhphost
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga • An coiste pleanála teanga
Saolré an bhirt	Bliain 1-7

Costas measta iomlán	€17,500
Costas measta in aghaidh na bliana	€2,500
Dúshlán	Thiocfadh le brú a teacht ar chúrsaí ama don oifigeach pleanála teanga agus iad ag iarraidh na míreanna thuasluaite ar fad a chlúdach.
Sárú an dúshláin	Tacaíocht mhargaíochta a chur ar fáil don oifigeach ag leibhéal an choiste nó trí sheirbhísí margaíochta a cheannach isteach de réir mar is cuí.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil i rath na ngnéithe éagsúla ar fad den phlean seo agus sa mhonatóireacht a dhéanfar orthu sin

Beart 5	**Fóram Pleanála Teanga Dhún na nGall**
Réimsí an bhirt	F, I, K
Critéir phleanála teanga	Na critéir uilig
Aidhm an bhirt	Rannpháirteachas i bhfóram Pleanála Teanga Dhún na nGall.
Eolas breise	Bunófar Fóram Pleanála Teanga Dhún na nGall le deis a thabhairt do na coistí pleanála teanga ar fad i nDún na nGall teacht le chéile agus tacaíocht a thabhairt dá chéile agus deiseanna comhoibrithe a aithint.
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga • An coiste pleanála teanga • Glór na nGael • Coistí limistéir phleanála teanga Dhún na nGall • Comhairle Contae Dhún na nGall • Údarás na Gaeltachta
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	Clúdóidh tuarastal an OPT an costas a bhaineann leis an bheart seo
Costas measta in aghaidh na bliana	Clúdóidh tuarastal an OPT an costas a bhaineann leis an bheart seo

Dúshlán	Ní mheastar go mbeidh dúshláin ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo
Sárú an dúshláin	N/bh
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil i rath na ngnéithe éagsúla ar fad den phlean seo agus sa mhonatóireacht a dhéanfar orthu sin

Beart 6	**Suíomh gréasáin a stiúradh agus a choinneáil suas chun dáta le dul chun cinn an phróisis pleanála teanga a léiriú**
Réimsí an bhirt	K
Critéir phleanála teanga	1, 15
Aidhm an bhirt	Cumarsáid agus poiblíocht a éascú idir an cheanneagraíocht/an OPT agus pobal an bhaile.
Eolas breise	Tá suíomh gréasáin ag an cheanneagraíocht ag www.lionraleitirceanainn.ie. Le linn an phróisis seo baineadh úsáid as an tsuíomh seo le heolas a roinnt maidir le cur le chéile an phlean teanga. Cuirfear míreanna ar an phlean teanga: • Leathanach d'fhoghlaimeoirí: acmhainní agus naisc • Leathanach do dhaoine óga: acmhainní agus naisc • Eolas maidir le himeachtaí Gaeilge sa cheantar
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • An cheanneagraíocht • An coiste pleanála teanga
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	€5,110
Costas measta in aghaidh na bliana	Ainm fearainn: €30 Síntiús óstála agus feidhmithe: €100 €50 in aghaidh na míosa (nuashonruithe srl): €600 Costas in aghaidh na bliana: €730
Dúshlán	Beidh scileanna teicniúla de dhíth leis an suíomh a uasdátú de réir mar is cuí.

Sárú an dúshláin	Ceapfar duine éigin leis na scileanna cuí leis na nuashonruithe seo a dhéanamh, bunaithe ar threoir ón oifigeach pleanála teanga.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil i rath na ngnéithe éagsúla ar fad den phlean seo agus sa mhonatóireacht a dhéanfar orthu sin.

10.3.2 AN CÓRAS OIDEACHAIS

Beart 7	**Cumann na dtuistí sna Gaelscoileanna**
Réimsí an bhirt	A, B, C, D, K
Critéir phleanála teanga	5, 6, 7, 8, 9, 10, 11
Aidhm an bhirt	An obair atá ar siúl ag cumann na dtuistí sa dá Ghaelscoil (Coláiste Ailigh agus Gaelscoil Adhamhnáin) a neartú trí thacaíocht riaracháin a chur ar fáil agus trí acmhainní a chur ar fáil de réir mar is cuí.
Eolas breise	Tá sé riachtanach pobal na Gaeilge i Leitir Ceanainna bheith gníomhach i neartú na nGaelscoileanna agus is ceann de na bealaí is éifeachtaí ar féidir é seo a dhéanamh ná tacaíocht a thabhairt do na tuistí sa scoil agus iad ag déanamh iarrachta tacú leis an scoil. Cuideoidh an t-oifigeach pleanála teanga leis na cumainn seo trí thacaíocht riaracháin a chur ar fáil, trí chuidiú a thabhairt poiblíocht a dhéanamh ar ócáidí agus trí chuidiú le hiarratais mhaoinithe a chur isteach ó am go chéile.
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga • An coiste pleanála teanga • Coláiste Ailigh • Gaelscoil Admhanáin
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	N/Bh
Costas measta in aghaidh na bliana	N/Bh
Dúshlán	N/Bh

Sárú an dúshláin	N/Bh
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Déanfar plé leis na cumainn tuistí uair sa ráithe le hathbhreithniú a dhéanamh ar an tacaíocht atá ar fáil agus a bheadh ina chuidiú dóibh le monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht an bhirt.

Beart 8	**Cur leis an tsoláthar trí Ghaeilge in LYIT**
Réimsí an bhirt	A, C, K
Critéir pleanála teanga	5, 9, 15
Aidhm an bhirt	Tuilleadh cúrsaí sa Ghaeilge a chur ar fáil in Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn.
Eolas breise	Tá cúrsaí gairide sa Ghaeilge ar fáil ó Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn agus is féidir an Ghaeilge a dhéanamh mar chuid de chúrsaí lánaimseartha eile. Oibreoidh an coiste pleanála teanga leis an Institiúid leis na féidearthachtaí a bhaineann le tuilleadh soláthair a dhéanamh don Ghaeilge a fhiosrú agus a fhíorú le linn fheidhmiú an phlean. I measc na bhféidearthachtaí, bheadh cúrsaí cruinnis sa Ghaeilge, riarachán agus Gaeilge agus scileanna praiticiúla eile a bheadh ina chuidiú do dhaoine agus iad ar lorg fostaíochta trí mheán na Gaeilge amach anseo.
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga • An coiste pleanála teanga • Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn • An Roinn Oideachais agus Scileanna
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	N/Bh
Costas measta in aghaidh na bliana	N/Bh
Dúshlán	Acmhainní agus éileamh ar na cúrsaí.
Sárú an dúshláin	Tuilleadh taighde a dhéanamh i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn leis an éileamh atá ann do chúrsaí den chineál seo a mheas.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Déanfaidh an coiste pleanála teanga athbhreithniú ar éifeacht an bhirt uair sa ráithe.

Beart 9	**Fóram na Múinteoirí Gaeilge**
Réimsí an bhirt	A, C, K
Critéir phleanála teanga	5, 10
Aidhm an bhirt	Fóram a bhunú do mhúinteoirí Gaeilge ó gach saghas scoile le tacaíocht a chur ar fáil dá chéile agus le hacmhainní a roinnt.
Eolas breise	Chomh maith leis an dá Ghaelscoil i Leitir Ceanainn tá trí mheánscoil agus seacht mbunscoil a chuireann ranganna Gaeilge ar fáil (tuilleadh eolais i Rannóg 6.2). Bunófar fóram le deis a thabhairt do na múinteoirí Gaeilge nó a bhfuil an Ghaeilge mar chuid den churaclam atá acu teacht le chéile agus saineolas a roinnt lena chéile, deiseanna ar chomhoibriú a aithint agus foghlaim óna chéile. An tAcadamh i nGaoth Dobhair i mbun áiseanna a fhorbairt MPTIT
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga • An coiste pleanála teanga • Scoileanna Leitir Ceanainn • An Roinn Oideachais agus Scileanna • Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i nGaoth Dobhair • Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	N/Bh
Costas measta in aghaidh na bliana	N/Bh
Dúshlán	An t-am a bheith ag múinteoirí freastal ar an fhóram.
Sárú an dúshláin	Cruinnithe den fhóram a reáchtáil go luath i ndiaidh uaireanta scoile agus, más féidir, eagrófar iad i scoileanna éagsúla ó am go chéile.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Lorgófar aiseolas ó na múinteoirí atá mar chuid den fhóram agus déanfaidh an coiste pleanála teanga athbhreithniú ar éifeacht an bhirt uair sa ráithe.

10.3.3 SEIRBHÍSÍ CÚRAIM LEANAÍ, RÉAMHSCOLAÍOCHTA AGUS TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH

Beart 10	**Seirbhísí cúraim leanaí**
Réimsí an bhirt	B, C
Critéir phleanála teanga	7, 8, 9, 13, 15
Aidhm an bhirt	Eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí maidir le seirbhísí cúraim lae trí Ghaeilge i Leitir Ceanainn.
Eolas breise	Cruthófar eolaire de na seirbhísí cúraim leanaí atá ar fáil i Leitir Ceanainn trí mheán na Gaeilge le gur féidir le tuismitheoirí teacht ar an eolas seo go furasta agus go bhfeicfidh soláthróirí seirbhísí cúraim lae go bhfuil buntáiste ag baint lena gcuid seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge. Cruthófar nasc le LYIT maidir leis na cúrsaí luathoideachais atá ar fáil acu. Eascófar ceardlanna agus cuirfear áiseanna agus tacaíocht ar fáil leis na buntáistí agus an tábhacht a bhaineann leis an Ghaeilge a léiriú do na daoine seo.
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • An coiste pleanála teanga • Cara House • Glór na nGael • Tuismitheoirí na Gaeltachta • LYIT • Bord Oideachais agus Oiliúna (oiliúint trí Ghaeilge) • Donegal County Childcare Committee
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	N/Bh
Costas measta in aghaidh	N/Bh

na bliana	
Dúshlán	Go leor soláthróirí a aimsiú le cur san áireamh ar an eolaire.
Sárú an dúshláin	Teagmháil leanúnach a dhéanamh le daoine atá ag obair san earnáil agus nuashonruithe rialta a dhéanamh ar an eolaire de réir mar is cuí.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Déanfaidh an coiste pleanála teanga athbhreithniú ar éifeacht an bhirt uair sa ráithe.

Beart 11	**Comhoibriú le seirbhísí cúraim leanaí**
Réimsí an bhirt	B, C
Critéir phleanála teanga	7, 8, 9, 13, 15
Aidhm an bhirt	Tacaíocht agus cuidiú a chur ar fáil do sholáthróirí cúraim lae ar mhaith leo Gaeilge nó tuilleadh Gaeilge a úsáid.
Eolas breise	Cuirfear tacaíocht ar fáil do sholáthróirí cúraim lae le tuilleadh Gaeilge a úsáid leis na páistí a bhfuil siad ag obair leo trí acmhainní a aimsiú le hamhráin, cluichí agus eile le cuidiú le Gaeilge a úsáid.
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • An coiste pleanála teanga • Cara House • Glór na nGael • Bord Oideachais agus Oiliúna (oiliúint trí Ghaeilge) • LYIT • Donegal County Childcare Committee
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	€3,500
Costas measta in aghaidh na bliana	€500 ar acmhainní
Dúshlán	Teacht ar acmhainní atá oiriúnach don aoisghrúpa cuí.
Sárú an dúshláin	Comhairle a fháil ó dhreamanna ar nós Tuismitheoirí na Gaeltachta nó Gaeloideachas le teacht ar na hacmhainní is fearr.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Lorgófar aiseolas ó na soláthróirí cúram lae agus déanfaidh an coiste pleanála teanga athbhreithniú ar éifeacht an bhirt uair sa ráithe.

Beart 12	Laethanta Teaghlaigh
Réimsí an bhirt	B, C
Critéir phleanála teanga	7, 8, 9, 10, 15
Aidhm an bhirt	Laethanta teaghlaigh a eagrú i Leitir Ceanainn do thuismitheoirí ag tógáil clainne trí Ghaeilge.
Eolas breise	Eagraítear laethanta teaghlaigh le tuismitheoirí atá ag tógáil clainne trí Ghaeilge a thabhairt le chéile agus le deiseanna labhartha agus foghlamtha neamhfhoirmiúla a chur ar fáil dóibh. Tugtar deis do pháistí agus do thuismitheoirí am a chaitheamh i dtimpeallacht lán-Ghaeilge agus siamsaíocht nó spraoi ar fáil dóibh.
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • An coiste pleanála teanga • Glór na nGael
Saolré an bhirt	Bliain 1: 4 lá sa bhliain Bliain 2 – 5: 6 lá sa bhliain Bliain 6 – 7: 8 lá sa bhliain
Costas measta iomlán	44 lá teaghlaigh le linn an phlean = €22,000
Costas measta in aghaidh na bliana	**€500 ar gach lá teaghlaigh** Bliain 1: 4 lá teaghlaigh = €2,000 Bliain 2-5: 6 lá sa bhliain = €3,000 Bliain 6-7: 8 lá sa bhliain = €4,000
Dúshlán	Timpeallacht lán-Ghaeilge a chothú ag na laethanta teaghlaigh agus an t-eispéireas tumtha a chinntiú.
Sárú an dúshláin	Imeachtaí ar leith a chur ar fáil do theaghlaigh dhátheangacha agus poiblíocht ar leith a dhéanamh más rud é go mbíonn an t-imeacht á reáchtáil trí Ghaeilge amháin nó go dátheangach.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Lorgófar aiseolas ó thuismitheoirí agus ó pháistí a bhíonn rannpháirteach. Déanfaidh an coiste pleanála teanga athbhreithniú ar éifeacht an bhirt uair sa ráithe.

Beart 13	Grúpa tuistí agus tachrán
Réimsí an bhirt	B, C
Critéir pleanála teanga	7, 8, 9, 10, 11, 15
Aidhm an bhirt	Deis a chur ar fáil do thuistí agus do thachráin úsáid a bhaint as a gcuid Gaeilge le chéile agus le teaghlaigh eile.
Eolas breise	Grúpa a bhunú do thuismitheoirí agus do thachráin le deis a thabhairt dóibh am a chaitheamh le chéile i dtimpeallacht lán-Ghaeilge.
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • An coiste pleanála teanga • Glór na nGael
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	€8,000
Costas measta in aghaidh na bliana	Bliain 1 & 2: €1,500 Bliain 3 – 7: €1,000
Dúshlán	Timpeallacht lán-Ghaeilge a chothú ag na laethanta teaghlaigh agus an t-eispéireas tumtha a chinntiú.
Sárú an dúshláin	Imeachtaí ar leith a chur ar fáil do theaghlaigh dhátheangacha agus poiblíocht ar leith a dhéanamh más rud é go bhfuil an t-imeacht á reáchtáil trí Ghaeilge amháin nó go dátheangach.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Lorgófar aiseolas ó thuismitheoirí a bhíonn rannpháirteach. Déanfaidh an coiste pleanála teanga athbhreithniú ar éifeacht an bhirt uair sa ráithe.

10.3.4 SEIRBHÍSÍ DON AOS ÓG AGUS D'AOISGHRÚPAÍ EILE

Beart 14	Líonra na nÓg
Réimsí an bhirt	C, D, J, K
Critéir phleanála teanga	10, 11, 12
Aidhm an bhirt	Guth a thabhairt do dhaoine óga sa phróiseas pleanála teanga.

Eolas breise	Bunófar Líonra na nÓg, coiste de dhaoine óga ag leibhéal bunscoile agus ag leibhéal meánscoil le comhairle a chur ar an choiste pleanála ar cad é ba chóir a eagrú ag imeachtaí teaghlaigh agus óige. Cuirfidh baill Líonra na nÓg moltaí chuig coiste Líonra Leitir Ceanainn maidir le himeachtaí do dhaoine óga agus tabharfar an maoiniú cuí dóibh le himeachtaí a reáchtáil iad féin (le tacaíocht nuair is cuí).
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • Bunscoileanna sa cheantar • Meánscoileanna sa cheantar • Cumainn óige • Foras na Gaeilge • Coláiste na bhFiann
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	€7,000
Costas measta in aghaidh na bliana	€500 x 2 imeacht - €1,000
Dúshlán	Daoine óga a earcú a mbeidh suim acu a bheith rannpháirteach.
Sárú an dúshláin	Earcaíocht a dhéanamh i scoileanna agus i gcumainn óige; cruinnithe a dhéanamh sultmhar agus oiriúnach don aoisghrúpa.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Déanfar athbhreithniú bliantúil le baill Líonra na nÓg le tuairimí a bhailiú ar an chur chuige.

Beart 15	**Turais agus Imeachtaí don Aos Óg**
Réimsí an bhirt	C, D, J, K
Critéir phleanála teanga	10, 11, 12
Aidhm an bhirt	Deiseanna sóisialta a chur ar fáil do dhaoine óga trí Ghaeilge.
Eolas breise	Eagrófar ocht dturas nó imeacht gach bliain dírithe ar dhaoine óga – ceithre cinn acu do pháistí bunscoile agus ceithre cinn eile ag leibhéal meánscoile. Cuirfear béim ar spraoi agus ar shóisialú agus an rud ar fad trí mheán na Gaeilge.

Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • Bunscoileanna sa cheantar • Meánscoileanna sa cheantar • Cumainn óige
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	€28,000
Costas measta in aghaidh na bliana	€4,000
Dúshlán	Daoine óga a earcú a mbeidh suim acu a bheith rannpháirteach.
Sárú an dúshláin	Earcaíocht a dhéanamh i scoileanna agus i gcumainn óige; imeachtaí agus turais a dhéanamh sultmhar agus oiriúnach don aoisghrúpa.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Déanfar athbhreithniú bliantúil le baill Líonra na nÓg le tuairimí a bhailiú ar an chur chuige.

Beart 16	**Cumann Óige a bhunú**
Réimsí an bhirt	C, D, J, K
Critéir phleanála teanga	10, 11, 12
Aidhm an bhirt	Deiseanna sóisialta a chur ar fáil do dhaoine óga trí Ghaeilge.
Eolas breise	Cruthófar nasc le Cumann na bhFiann maidir le cumann óige a bhunú i Leitir Ceanainn do pháistí bunscoile i dtús báire agus a fheidhmeoidh go hiomlán trí mheán na Gaeilge.
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • Bunscoileanna sa cheantar • Meánscoileanna sa cheantar • Cumann na bhFiann
Saolré an bhirt	Bliain 2-7
Costas measta iomlán	N/Bh
Costas measta in aghaidh na bliana	N/Bh
Dúshlán	Spás cuí a aimsiú don chumann óige i dtimpeallacht lán-Ghaeilge.
Sárú an dúshláin	Cruthófar naisc leis na scoileanna, le cumainn óige reatha agus le

	soláthróirí seirbhísí óige eile le teacht ar ionad atá oiriúnach do chumann óige agus a chothaíonn timpeallacht lán-Ghaeilge.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Déanfar monatóireacht ar dhul chun cinn an chumainn óige ag leibhéal an choiste agus beidh teagmháil rialta idir an t-oifigeach pleanála teanga agus an cumann óige.

10.3.5 DEISEANNA FOGHLAMA TAOBH AMUIGH DEN CHÓRAS OIDEACHAIS

Beart 17	**Ranganna Gaeilge i Leitir Ceanainn**
Réimsí an bhirt	D, K
Critéir phleanála teanga	10, 11
Aidhm an bhirt	Ranganna Gaeilge a chur ar fáil nó a chur chun cinn ag gach leibhéal i Leitir Ceanainn.
Eolas breise	Tá ranganna Gaeilge á gcur ar fáil faoi láthair ag leibhéil éagsúla i Leitir Ceanainn ag Cara House, CLG Gael Leitir Ceanainn, LYIT agus ag grúpaí eile. Cuirfear le líon na ranganna atá ar fáil ag leibhéil éagsúla agus ag amanna éagsúla, agus déanfar poiblíocht ar na ranganna eile Gaeilge atá ar fáil i Leitir Ceanainn.
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • An coiste pleanála teanga • Cara House • CLG Gaeil Leitir Ceanainn / CLG Naomh Adhamhnáin • LYIT • Comhairle Contae Dhún na nGall • Bord Oideachais agus Oiliúna • Soláthróirí ranganna Gaeilge eile • Gaelchultúr
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	€12,000
Costas measta in aghaidh na bliana	Bliain 1-4: €1,200 Bliain 5-7: €2,400
Dúshlán	Eolas a bhailiú maidir leis na ranganna Gaeilge atá ar fáil agus freastal

	ar fhoghlaimeoirí ag na leibhéil chuí sa bhaile.
Sárú an dúshláin	Teagmháil leanúnach a chothú leis na solathróirí ranganna agus aiseolas leanúnach a lorg maidir leis na ranganna atá á gcur ar fáil ag Líonra Leitir Ceanainn maidir leis na leibhéil atá ar fáil.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Déanfar monatóireacht ar thinreamh na ranganna (atá á n-eagrú ag LLC amháin) agus lorgófar aiseolas ó dhaltaí agus ó mhúinteoirí sna ranganna seo.

Beart 18	**Ciorcail Chomhrá**
Réimsí an bhirt	D, K
Critéir phleanála teanga	9, 10, 11
Aidhm an bhirt	Deis shóisialta a chur ar fáil do chainteoirí Gaeilge agus d'fhoghlaimeoirí Gaeilge trí chiorcail chomhrá a éascú.
Eolas breise	Cuirtear leis an méid atá le foghlaim i rang Gaeilge agus cruthaítear deiseanna do dhaoine a bhfuil Gaeilge acu cheana féin go héifeachtach trí chiorcail chomhrá. Eagraítear, mar shampla, ciorcal comhrá go seachtainiúil sa Chill Out Café maidineacha Dé Sathairn. Cuirfear le líon na gciorcal comhrá atá ar fáil ag amanna éagsúla agus déanfar tuilleadh poiblíochta ar na deiseanna reatha atá ar fáil i Leitir Ceanainn.
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • An coiste pleanála teanga • Cara House • Conradh na Gaeilge • Comhairle Contae Dhún na nGall • Bord Oideachais agus Oiliúna
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	€3,500
Costas measta in aghaidh na bliana	€500
Dúshlán	Teacht ar áiteanna atá oiriúnach le ciorcail chomhrá a eagrú agus acmhainní a bheith ar fáil leis na ciorcail a éascú go seachtainiúil.
Sárú an dúshláin	Glacfar le moltaí ó dhaoine a bhíonn ag freastal ar chiorcail chomhrá

	maidir le háiteanna atá oiriúnach agus iarrfar ar oibrithe deonacha cuidiú le héascú na gciorcal comhrá.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Déanfar monatóireacht ar thinreamh ar na ciorcail chomhrá agus lorgófar aiseolas uathu siúd atá ag freastal orthu.

Beart 19	**Eolas d'fhoghlaimeoirí**
Réimsí an bhirt	D, K
Critéir pleanála teanga	9, 10, 11
Aidhm an bhirt	Eolas a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí maidir le deiseanna foghlamtha Gaeilge ar líne, sa Ghaeltacht agus in aon áit eile atá ar fáil.
Eolas breise	Ar shuíomh Líonra Leitir Ceanainn, cruthófar spás le heolas a chur ar fail d'fhoghlaimeoirí na Gaeilge maidir le deiseanna foghlamtha Gaeilge trí acmhainní a chur ar fáil, eolas ar chúrsaí Gaeltachta agus eile.
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • An coiste pleanála teanga • Comhairle Contae Dhún na nGall • Bord Oideachais agus Oiliúna
Saolré an bhirt	Bliain 2 – 7
Costas measta iomlán	N/Bh
Costas measta in aghaidh na bliana	N/Bh
Dúshlán	N/Bh
Sárú an dúshláin	N/Bh
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Déanfar monatóireacht ar éifeacht an bhirt trí theagmháil leis na foghlaimeoirí a fhreastalaíonn ar na ranganna Gaeilge nó ar na ciorcail chomhrá.

10.3.6 AN EARNÁIL GHNÓ

Beart 20	Ceardlanna ar bhuntáiste na Gaeilge don earnáil gnó
Réimsí an bhirt	E, K
Critéir phleanála teanga	11, 13, 14
Aidhm an bhirt	Gnólachtaí a chur ar an eolas maidir leis an bhuntáiste breise a bhaineann leis an Ghaeilge do ghnólachtaí.
Eolas breise	Eagrófar ceardlanna eolais agus oiliúna le gnólachtaí le heolas a roinnt maidir le húsáid na Gaeilge san áit oibre agus le tacaíochtaí a chur ar fáil d'aon ghnó ar mhaith leo é sin a dhéanamh.
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • Mná sa Ghnó Dhún na nGall • Cumann Tráchtála Leitir Ceanainn • Gnólachtaí áitiúla • Foras na Gaeilge • Glór na nGael • Údarás na Gaeltachta
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	€17,500
Costas measta in aghaidh na bliana	Reáchtáil Ceardlanna: €500 x 3 = €1,500 Acmhainní Tacaíochta: €1,000
Dúshlán	Gnólachtaí a spreagadh le freastal ar na ceardlanna.
Sárú an dushláin	Obair leanúnach atá i gceist leis seo trí chaidrimh a thógáil leis na gnólachtaí sa bhaile a bhfuil suim acu sa Ghaeilge. Fosta, bainfear leas as gréasáin ghnó fad-bhunaithe le heolas a scaipeadh maidir le ceardlanna.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Monatóireacht ar thinreamh ar na ceardlanna agus aiseolas á lorg ag deireadh na gceardlann.

Beart 21	Eolaire Gnó Leitir Ceanainn
Réimsí an bhirt	E, K
Critéir phleanála teanga	11, 13, 14, 15
Aidhm an bhirt	Gnólachtaí a chuireann seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge a aithint ar eolaire gnó ar shuíomh Líonra Leitir Ceanainn.

Eolas breise	Tá go leor áiteanna i Leitir Ceanainn inar féidir seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge ach is minic nach mbíonn daoine ar an eolas gur féidir gnó a dhéanamh trí Ghaeilge sna háiteanna seo. Leis an eolaire gnó ar www.lionraleitirceanainn.ie beidh teacht ag daoine ar liosta áiteanna atá sásta seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil. Tabharfar aitheantas do na ghnólachtaí seo ar na meáin shóisialta fosta le haitheantas agus poiblíocht a thabhairt do na gnólachtaí seo, rud a léireoidh dea-shampla do ghnólachtaí eile.
Páirtithe leasmhara	• An t-0ifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • Cumann Tráchtála Leitir Ceanainn • Gréasán Gnó Mhná Dhún na nGall • Gnólachtaí Áitiúla • PEIG.ie
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	Costas clúdaithe i míreanna eile den phlean.
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas clúdaithe i míreanna eile den phlean.
Dúshlán	Caighdeán na Gaeilge a chinntiú sna ghnólachtaí atá le cur leis an eolaire gnó.
Sárú an dúshláin	• Caidreamh a chothú leis na gnólachtaí atá le cur ar an eolaire gnó. • Foirm féinmheasúnaithe a chur ar fáil do ghnólachtaí lena chur in iúl dóibh an caighdeán seirbhíse trí Ghaeilge atá de dhíth le bheith mar chuid den eolaire.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Monatóireacht ar líon na ngnólachtaí a dhéanann iarratas le bheith mar chuid den eolaire agus teagmháil leanúnach leo lena fheiceáil an bhfeiceann siad aon bhuntáiste bainteach le bheith mar chuid de.

Beart 22	**Gradaim Ghnó Leitir Ceanainn**
Réimsí an bhirt	E, K
Critéir phleanála teanga	11, 13, 14, 15
Aidhm an bhirt	Aitheantas a thabhairt do ghnólachtaí i Leitir Ceanainn a bhaineann úsáid as an Ghaeilge nó a oibríonn leis an teanga a chur chun cinn.

Eolas breise	Eagraítear gradaim ghnó ar bhonn bliantúil agus is é Cumann Tráchtála Leitir Ceanainn a eagraíonn iad. Cuirfear rannóg nua ar fáil mar chuid de na gradaim seo a bhaineann le húsáid na Gaeilge nó leis an dul chun cinn atá déanta acu in úsáid na Gaeilge.
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • Cumann Tráchtála Leitir Ceanainn • Mná sa Ghnó Dhún na nGall • Gnólachtaí Áitiúla • Glór na nGael
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	€21,000
Costas measta in aghaidh na bliana	€3,000
Dúshlán	Gnólachtaí a spreagadh le hiontráil a dhéanamh ar an ghradaim
Sárú an dúshláin	Déanfar obair le gnólachtaí ar bhonn leanúnach le tacú leo cur leis an méid Gaeilge atá in úsáid acu – ní teagmháil aon uaire é seo.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Monatóireacht ar líon na ngnólachtaí a dhéanann iontráil sna gradaim ó bhliain go bliain agus iarrfar aiseolas ó na gnólachtaí rannpháirteacha.

Beart 23	**Gradaim Náisiúnta Ghnó le Gaeilge**
Réimsí an bhirt	E, K
Critéir phleanála teanga	11, 13, 14, 15
Aidhm an bhirt	Gnólachtaí áitiúla a spreagadh le hiontráil a dhéanamh ar Ghradaim Náisiúnta Ghnó le Gaeilge.
Eolas breise	Beidh gradaim áitiúla ar fáil do ghnólachtaí a bhaineann úsáid as an Ghaeilge ach tabharfaidh na gradaim náisiúnta deis do ghnólachtaí Leitir Ceanainn aitheantas a bhaint amach ag leibhéal náisiúnta.
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • Cumann Tráchtála Leitir Ceanainn • Mná sa Ghnó Dhún na nGall • Glór na nGael • Gnólachtaí áitiúla • Coiste Forbartha na nGradam Gnó

Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	Costas clúdaithe i míreanna eile den phlean.
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas clúdaithe i míreanna eile den phlean.
Dúshlán	Gnólachtaí a spreagadh le hiontráil a dhéanamh ar na gradaim náisiúnta.
Sárú an dúshláin	Na buntáistí a bhaineann le haitheantas ag leibhéal naisiúnta d'úsáid na Gaeilge a léiriú.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Monatóireacht ar líon na ngnólachtaí a dhéanann iontráil sna gradaim ó bhliain go bliain agus iarrfar aiseolas ó na gnólachtaí rannpháirteacha.

Beart 24	**Seirbhís aistriúcháin saor in aisce**
Réimsí an bhirt	E, K
Critéir pleanála teanga	11, 12, 13, 14, 15
Aidhm an bhirt	Cuirfear seirbhís aistriúcháin ar fáil do ghnólachtaí ar mhaith leo ábhar a chur amach trí Ghaeilge nó go dátheangach.
Eolas breise	Tá go leor gnólachtaí éiginnte faoin bhealach is fearr leis an Ghaeilge a úsáid i gcúrsaí gnó. Dúirt 25% de na gnólachtaí gur mhaith leo seirbhís aistriúcháin saor in aisce a bheith ar fáil dóibh. Cuirfear an tseirbhís seo ar fáil i gcomhar le Foras na Gaeilge tríd an Scéim Tacaíochta Gnó.
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • Mná sa Ghnó Dhún na nGall • Cumann Tráchtála Leitir Ceanainn • Gnólachtaí Áitiúla • Foras na Gaeilge (Scéim Tacaíochta Gnó)
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	Costas clúdaithe i míreanna eile den phlean.
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas clúdaithe i míreanna eile den phlean.
Dúshlán	Gnólachtaí a spreagadh le leas a bhaint as an tseirbhís seo.
Sárú an dúshláin	Na buntáistí a bhaineann le dátheangachas i gcúrsaí gnó a léiriú.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Monatóireacht ar líon na ngnólachtaí a bhaineann leas as an tseirbhís seo.

Beart 25	**Tacaíochtaí Eile do Ghnólachtaí**
Réimsí an bhirt	E, K
Critéir phleanála teanga	13, 14, 15
Aidhm an bhirt	Cuirfear tacaíochtaí eile ar fáil do ghnólachtaí de réir mar is cuí agus de réir éilimh le tacú leo tuilleadh Gaeilge a chur san áireamh ina gcuid gnó.
Eolas breise	Oibreoidh an t-oifigeach pleanála teanga le gnólachtaí agus le Foras na Gaeilge le deiseanna a aithint do ghnólachtaí cur leis an Ghaeilge atá in úsáid acu agus tabharfar cuidiú agus tacaíocht dóibh bearta a chur i bhfeidhm laistigh den ghnó a thacaíonn le húsáid na Gaeilge m.s. ranganna Gaeilge d'fhostaithe, comharthaíocht inmheánach nó seachtrach, ceardlanna inmheánacha ar úsáid na Gaeilge.
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • Mná sa Ghnó Dhún na nGall • Cumann Tráchtála Leitir Ceanainn • Gnólachtaí Áitiúla • Glór na nGael • Comhairle Contae Dhún na nGall • Foras na Gaeilge (Scéim Tacaíochta Gaeilge)
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	Costas clúdaithe i míreanna eile den phlean.
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas clúdaithe i míreanna eile den phlean.
Dúshlán	Gnólachtaí a spreagadh le leas a bhaint as an tseirbhís seo.
Sárú an dúshláin	Na buntáistí a bhaineann le dátheangachas i gcúrsaí gnó a léiriú.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Monatóireacht ar líon na ngnólachtaí a bhaineann leas as an seirbhís seo.

10.3.7 EAGRAÍOCHTAÍ POBAIL

Beart 26	**Tacaíocht d'eagraíochtaí pobail an Ghaeilge a úsáid**
Réimsí an bhirt	F, K
Critéir phleanála teanga	10, 11, 14, 15
Aidhm an bhirt	Tacaíocht a chur ar fáil d'eagraíochtaí pobail i Leitir Ceanainn tuilleadh Gaeilge a úsáid.
Eolas breise	Oibreoidh an t-oifigeach pleanála teanga le heagraíochtaí pobail le tuilleadh úsáide a bhaint as an Ghaeilge leis an chur chuige céanna atá in úsáid le hearnáil an ghnó.
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • An coiste pleanála teanga • Gaelchultúr
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	Costas clúdaithe i míreanna eile den phlean.
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas clúdaithe i míreanna eile den phlean.
Dúshlán	Eagraíochtaí a spreagadh le tuilleadh Gaeilge a úsáid.
Sárú an dúshláin	Buntáistí an dátheangachais a léiriú do na heagraíochtaí pobail.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Déanfar athbhreithniú ar an bheart seo ag leibhéal an choiste pleanála teanga uair sa ráithe.

10.3.8 NA MEÁIN CHUMARSÁIDE

Beart 27	Nasc a chothú leis na meáin áitiúla
Réimsí an bhirt	G, K
Critéir phleanála teanga	12, 15
Aidhm an bhirt	Caidreamh a chothú leis na meáin áitiúla le tacú leo tuilleadh Gaeilge a úsáid.
Eolas breise	Oibreoidh an t-oifigeach pleanála teanga agus an coiste pleanála teanga leis na meáin áitiúil le tacú leo tuilleadh Gaeilge a úsáid agus le poiblíocht a dhéanamh ar imeachtaí de chuid an phlean teanga (féach Beart 4).
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • An coiste pleanála teanga
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	Costas clúdaithe i míreanna eile den phlean.
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas clúdaithe i míreanna eile den phlean.
Dúshlán	Cúrsaí ama ag an oifigeach pleanála teanga.
Sárú an dúshláin	Cuideoidh an coiste pleanála teanga leis an bheart seo a chur i bhfeidhm.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Déanfar athbhreithniú ar an bheart seo ag leibhéal an choiste pleanála teanga uair sa ráithe.

Beart 28	Cúrsa oiliúna ar scileanna raidió
Réimsí an bhirt	G, K
Critéir phleanála teanga	9, 12, 15
Aidhm an bhirt	Scileanna craoltóireachta a theagasc trí mheán na Gaeilge.
Eolas breise	Socrófar cúrsa oiliúna i scileanna craoltóireachta raidió agus cuirfear deis ar fáil do dhaoine míreanna raidió a chur le chéile trí Ghaeilge. Cruthófar nasc le Raidió Fáilte i mBéal Feirste, Raidió na Life i mBaile Átha Cliath agus le Highland Radio atá lonnaithe i Leitir Ceanainn.
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • An coiste pleanála teanga • Raidió Fáilte/Raidió na Life • Highland Radio

Saolré an bhirt	Bliain 3-7
Costas measta iomlán	Costas clúdaithe i míreanna eile den phlean.
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas clúdaithe i míreanna eile den phlean.
Dúshlán	N/Bh
Sárú an dúshláin	N/Bh
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Déanfar athbhreithniú ar an bheart seo ag leibhéal an choiste pleanála teanga uair sa ráithe.

10.3.10 PLEANÁIL AGUS FORBAIRT FHISICIÚIL

Beart 29	**Cultúrlann Leitir Ceanainn**
Réimsí an bhirt	D, E, F, I, J, K
Critéir phleanála teanga	8, 9, 10, 11, 15
Aidhm an bhirt	Lárionad Gaeilge a oscailt i Leitir Ceanainn le spás buan a chruthú do phobal na Gaeilge i Leitir Ceanainn.
Eolas breise	Lárionad Gaeilge a bhunú i Leitir Ceanainn ina gcuirfear seirbhísí Gaeilge ar fáil ar nós caifé, siopa leabhar, drámaí, seirbhísí teaghlaigh srl.
Páirtithe leasmhara	An coiste pleanála teanga
Saolré an bhirt	Bliain 4-7
Costas measta iomlán	Le deimhniú
Costas measta in aghaidh na bliana	Le deimhniu
Dúshlán	N/Bh
Sárú an dúshláin	N/Bh
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Déanfar athbhreithniú ar an bheart seo ag leibhéal an choiste pleanála teanga uair sa ráithe.

10.3.11 SEIRBHÍSÍ POIBLÍ

Beart 30	**Seirbhísí poiblí trí Ghaeilge**
Réimsí an bhirt	H, K
Critéir phleanála teanga	13, 14, 15
Aidhm an bhirt	Muintir Leitir Ceanainn a chur ar an eolas maidir leis na seirbhísí poiblí atá ar fáil trí Ghaeilge.
Eolas breise	Is minic nach mbíonn daoine ar an eolas maidir leis na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge, nó go bhfuil an ceart ag daoine seirbhísí a éileamh. Scaipfear eolas maidir leis na seirbhísí seo, ar líne agus ar chrua-chóip trí fheachtas poiblíochta a dhéanamh.
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • An coiste pleanála teanga • An coimisinéir teanga
Saolré an bhirt	Bliain 4-7
Costas measta iomlán	€2,000
Costas measta in aghaidh na bliana	Bliain 4: €2,000
Dúshlán	N/Bh
Sárú an dúshláin	N/Bh
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Déanfar athbhreithniú ar an bheart seo ag leibhéal an choiste pleanála teanga uair sa ráithe.

10.3.12 SEIRBHÍSÍ SÓISIALTA AGUS CAITHEAMH AIMSIRE

Beart 31	**Tob-Ghaeltacht**

Réimsí an bhirt	C, D, J, K
Critéir phleanála teanga	8, 9, 10, 11, 15
Aidhm an bhirt	Deis shóisialta neamhfhoirmiúil a chur ar fáil ar bhonn míosúil do lucht labhartha na Gaeilge i Leitir Ceanainn.
Eolas breise	Aithnítear an tobGhaeltacht nó oíche shóisialta ina mbíonn áit réamh-aontaithe ann ina dtagann Gaeilgeoirí le chéile d'oíche shóisialta mar bhealach maith le labhairt na Gaeilge a spreagadh agus le daoine a chur ar a gcompord leis an teanga.
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • An coiste pleanála teanga
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	Costas clúdaithe i míreanna eile den phlean.
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas clúdaithe i míreanna eile den phlean.
Dúshlán	Suim a choinneáil sa chineál ócáide seo.
Sárú an dúshláin	Áit na tobGhaeltachta a athrú in amanna agus cuirí a thabhairt do dhaoine eile le linn an ama le héagsúlacht a chruthú ann.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Tinreamh ar an tobGhaeltacht a mheas agus aiseolas a lorg ó dhaoine a fhreastalaíonn ar an ócáid ar bhonn rialta.

Beart 32	**Oíche Ghaelach**
Réimsí an bhirt	J, K
Critéir phleanála teanga	8, 9, 10, 12, 15
Aidhm an bhirt	Ceiliúradh agus aitheantas do phobal na Gaeilge i Leitir Ceanainn trí ócáid fhoirmiúil a chur ar siúl ar bhonn bliantúil.
Eolas breise	Eagraíodh an chéad oíche Ghaelach i Leitir Ceanainn le hoíche mhór san Óstán Castle Grove le linn Sheachtain na Gaeilge 2019. Aithníodh an dea-thoil agus an spreagadh a cruthaíodh mar gheall ar an ócáid seo agus aithnítear go bhfuil ócáid den chineál seo tábhachtach d'infheictheacht agus do stádas na Gaeilge sa bhaile.
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • An coiste pleanála teanga

Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	€21,000
Costas measta in aghaidh na bliana	€3,000
Dúshlán	Ticéid a dhíol don ócáid seo gach bliain
Sárú an dúshláin	Urraíocht a lorg ó ghnólachtaí áitiúla le costais na dticéad a choinneáil chomh híseal agus is féidir.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Tinreamh a mheas gach bliain agus athbhreithniú a dhéanamh ag leibhéal an choiste gach bliain le meas a dhéanamh ar cad é mar a thacaíonn an beart seo leis an phlean ina iomlán.

Beart 33	**Ceardlanna nó cúrsaí do phobal na Gaeilge**
Réimsí an bhirt	C, D, J, K
Critéir phleanála teanga	8, 9, 10, 11, 15
Aidhm an bhirt	Ceardlanna nó cúrsaí a eagrú ar bhonn míosúil nó mar chuid d'fhéilte sa bhaile do lucht labhartha na Gaeilge i Leitir Ceanainn ar ábhair éagsúla.
Eolas breise	Tugann ceardlanna nó cúrsaí deis do lucht labhartha na Gaeilge teacht le chéile agus deiseanna sóisialta a bheith acu agus cur le húsáid na Gaeilge fosta. I measc na gceardlann nó cúrsaí is féidir a chur ar fáil trí Ghaeilge tá: • Grianghrafadóireacht • Drámaíocht • Blaiseadh beorach nó fíona • Jíveáil • Léachtaí staire, logainmneacha, oidhreachta
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • An coiste pleanála teanga • Éascaitheoirí le Gaeilge
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	€17,500
Costas measta in aghaidh	€250 x 10 gceardlann sa bhliain = €2,500

na bliana	
Dúshlán	Éascaitheoirí cuí a aimsiú le ceardlanna a éascú.
Sárú an dúshláin	Déanfar teagmháil le coistí pleanála teanga agus grúpaí Gaeilge eile fud fad na tíre le teacht ar éascaitheoirí cuí ionas gur féidir na ceardlanna agus na cúrsaí a chur ar fáil.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Tinreamh a mheas agus foirmeacha aiseolais a chur ar fáil ag deireadh na gceardlann nó na gcúrsaí. Déanfar athbhreithniú ar na cúrsaí agus na ceardlanna atá á gcur ar fáil uair sa ráithe ag leibhéal an choiste pleanála teanga.

Beart 34	**Rith páirce trí Ghaeilge**
Réimsí an bhirt	C, J, K
Critéir phleanála teanga	8, 9, 10, 15
Aidhm an bhirt	Rith páirce trí Ghaeilge a eagrú i Leitir Ceanainn mar ócáid rialta.
Eolas breise	Eagraíodh Rith páirce trí Gaeilge mar chuid de Sheachtain na Gaeilge agus d'éirigh go hiontach leis. Is léir ón aiseolas a fuarthas ón phobal go bhfuil éileamh ann tuilleadh imeachtaí cosúil leis sin a fheiceáil. Spreagann imeachtaí cosúil le rith páirce trí Ghaeilge daoine le labhairt le chéile as Gaeilge ach fosta cuirtear an Ghaeilge chun cinn go lárnach sa bhaile ag an am chéanna. Aithníonn daoine branda rith páirce agus tuigtear an coincheap láithreach, cibé teanga ina bhfuil siad ag labhairt. Cuirfear le líon na n-imeachtaí gach bliain. Bliain 1 agus 2: dhá rith in aghaidh na bliana Bliain 3-5: 3 rith in aghaidh na bliana Blian 6-7: 4 rith in aghaidh na bliana
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • An coiste pleanála teanga
Saolré an bhirt	Bliain 2 – 7
Costas measta iomlán	€4,200
Costas measta in aghaidh na bliana	€200 ar chúrsaí fógraíochta agus sóláistí Bliain 1 agus 2: €800

	Bliain 3 – 5: €1,800 Blian 6 – 7: €1,600
Dúshlán	N/Bh
Sárú an dúshláin	N/Bh
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Déanfar athbhreithniú ar an bheart seo ag leibhéal an choiste pleanála teanga uair sa ráithe.

Beart 35	**Féilte: Seachtain na Gaeilge agus Féile an Fhómhair**
Réimsí an bhirt	C, D, F, I, J, K
Critéir phleanála teanga	3, 8, 9, 10, 12, 15
Aidhm an bhirt	Féilte a eagrú i Leitir Ceanainn a thugann aird agus aitheantas don Ghaeilge le linn na bliana.
Eolas breise	Eagrófar dhá fhéile le linn na bliana ina bhfuil an Ghaeilge lárnach agus chun tosaigh: Seachtain na Gaeilge i mí an Mhárta agus Féile an Fhómhair i mí Mheán Fómhair. Cuirfear imeachtaí éagsúla ar fáil d'aoisghrúpaí éagsúla, beidh an Ghaeilge infheicthe sna meáin agus déanfar imeachtaí éagsúla a chur ar fáil le daoine nua a mhealladh isteach le linn an ama sin.
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • An coiste pleanála teanga • Comhairle Contae Dhún na nGall • Conradh na Gaeilge • Foras na Gaeilge
Saolré an bhirt	Bliain 2 – 7
Costas measta iomlán	€35,000
Costas measta in aghaidh na bliana	€5,000
Dúshlán	N/Bh
Sárú an dúshláin	N/Bh
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Déanfar athbhreithniú ar an bheart seo ag leibhéal an choiste pleanála teanga uair sa ráithe.

10.3.13 STAID NA GAEILGE SA LIMISTÉAR: DEARCADH, CUMAS AGUS NÓSMHAIREACHT AN PHOBAIL INA LEITH

Beart 36	**Comharthaíocht sa bhaile seirbhíse Gaeltachta**
Réimsí an bhirt	9, 10, 11, 12, 14, 15
Critéir phleanála teanga	E, F, G, H, I, K
Aidhm an bhirt	Eagraíochtaí agus gnólachtaí a spreagadh le comharthaíocht as Gaeilge nó dátheangach a chur in airde i spásanna poiblí.
Eolas breise	Spreagfar gnólachtaí le leas a bhaint as an Scéim Tacaíochta Gnó ag Foras na Gaeilge le tacaíocht a fháil le comharthaíocht dhátheangach a chur in airde.
Páirtithe leasmhara	• An t-oifigeach pleanála teanga (príomhúinéir) • An coiste pleanála teanga • Foras na Gaeilge • Comhairle Contae Dhún na nGall
Saolré an bhirt	Bliain 2-7
Costas measta iomlán	N/Bh
Costas measta in aghaidh na bliana	N/Bh
Dúshlán	N/Bh
Sárú an dúshláin	N/Bh
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Déanfar athbhreithniú ar an bheart seo ag leibhéal an choiste pleanála teanga uair sa ráithe.

11 Feidhmiú agus monatóireacht

11.1 Struchtúr oibre agus ról na ceann eagraíochta

Ról choiste Líonra Leitir Ceanainn

Is é coiste Líonra Leitir Ceanainn a bheidh i gceannas ar an togra seo agus freagrach as an phlean teanga seo a chur i bhfeidhm de réir dea-chleachtais agus bunaithe ar chomhairle ó Fhoras na Gaeilge. Le struchtúr oibre a bhunú atá in oiriúint do chur i bhfeidhm an phlean teanga, déanfar na socruithe cuí le hoifigeach pleanála teanga a fhostú (tuilleadh eolais i mbeart 2) agus is é an coiste a leagfaidh amach plean oibre an fhostaí, i gcomhar le Foras na Gaeilge .

Bainistíocht ar an oifigeach pleanála teanga

Beidh an coiste freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar an oifigeach pleanála teanga. Le seo a éascú, ceapfar duine den choiste le bheith mar bhainisteoir líne an oifigigh, príomhphointe teagmhála agus tacaíochta. Tríd an ról seo, déanfar monatóireacht leanúnach ar dhul chun cinn na hoibre, agus ar bhonn míosúil tabharfar tuairisc chuig an choiste ar an obair reatha agus ar na pleananna chun tosaigh.

Éascaitheoirí agus tacaíocht sheachtrach

Mura mbíonn ach duine amháin fostaithe ag Líonra Leitir Ceanainn leis an phlean teanga seo a chur i bhfeidhm, beidh géarghá le tacaíocht a thabhairt isteach ó áiteanna eile, go háirithe maidir le cúrsaí ina bhfuil saineolas ar leith de dhíth. Mar shampla, ceapfar duine éigin le nuashonruithe agus athruithe a dhéanamh ar an tsuíomh gréasáin. Chomh maith leis sin, bainfear úsáid as éascaitheoirí seachtracha le ceardlanna a sholáthar, le hócáidí ar leith a reáchtáil (imeachtaí óige, mar shampla). Socrófar conarthaí idir an cheanneagraíocht agus na héascaitheoirí seo agus beidh siad faoi stiúir agus freagrach don oifigeach pleanála teanga.

Athbhreithniú bliantúil

Scríobhfar tuairisc bhliantúil ar dhul chun cinn an phlean teanga a chuirfear i láthair ag cruinniú cinn bliana Líonra Leitir Ceanainn. Beidh ról ag an oifigeach pleanála teanga, an bainisteoir líne agus ag na baill coiste an tuairisc seo a chur le chéile. Clúdófar na míreanna oibre ar fad atá istigh sa phlean. Déanfar measúnú ag leibhéal an choiste ag na cruinnithe míosúla agus ag an chruinniú cinn bliana ar chur i bhfeidhm an phlean teanga agus iniúchadh ar chaiteachas an tréimhse sin.

Cur i gcrích an phlean teanga

Agus deireadh ag teacht le tréimhse seacht mbliana an phlean teanga, déanfar athbhreithniú cuimsitheach ar fheidhmíocht an phlean teanga agus déanfar an taighde cuí le hullmhú i dtreo plean teanga eile a chur le chéile do Leitir Ceanainn. Glacfar na céimeanna seo i gcomhar le Foras na Gaeilge agus Glór na nGael agus trí chomhoibriú le bailte seirbhíse Gaeltachta eile más cuí.

Aguisín A: Príomhréimsí pleanála teanga

Cuimsíonn pleananna teanga réimsí éagsúla sa phobal, lena n-áirítear:

A. an córas oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais);
B. seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga;
C. seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile;
D. deiseanna foghlama taobh amuigh den chóras oideachais;
E. an earnáil ghnó;
F. eagraíochtaí pobail agus comharchumainn;
G. na meáin chumarsáide;
H. seirbhísí poiblí;
I. pleanáil agus forbairt fhisiceach;
J. seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire;
K. úsáid na Gaeilge i measc an phobail, dearcadh an phobail ina leith agus a mhéid a thacaíonn an pobal i gcoitinne leis an bplean teanga

Aguisín B

Maidir le Beart 7 den phlean teanga a bhaineann le Cumann na dTuismitheoirí sa Ghaelscoil – go n-aithníonn muid an tábhacht a bhaineann le cur chun cinn na Gaelscolaíochta agus go n-oibríonn muid i gcomhpháirtíocht le Gaelscoil Adhamhnáin agus le Coláiste Ailigh chun an sprioc sin a chur i ngníomh (Aontaithe agus glactha ag baill Líonra Leitir Ceanainn ag CCB 19/02/24)

Aguisín C

Maidir le Beart 29 den phlean teanga a bhaineann le Cultúrlann Leitir Ceanainn – go n-aithníonn muid na buntáistí a bhaineann le Cultúrlann ach go gcuireann muid béim ar leith ar an Ghaeilge a bheith fite fuaite

fríd an phobail anseo i Leitir Ceanainn agus go bhfuil sé mar sprioc againn, trí chomhoibriú a fhorbairt le heagraíochtaí eile sa bhaile, an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhonn forleathan agus insroichte do chách. (Aontaithe agus glactha ag baill Líonra Leitir Ceanainn ag CCB 19/02/24)